Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11352/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0090(COD)**

**CODEC 1574**
**CONSOM 229**
**DENLEG 43**
**ENT 124**
**JUSTCIV 115**
**MI 630**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meitheamh 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 258 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoracha 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 258 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 258 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.6.2024
COM(2024) 258 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoracha 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí**

## 1. Réamhrá

Glacadh Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoracha 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí[1] ('an Treoir maidir le Nuachóiriú') an 27 Samhain 2019. Leasaíodh léi ceithre threoir a bhí ann cheana maidir le dlí tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra[2] ('UCTD'), Treoir 98/6/CE maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl[3] ('PID'), Treoir 2005/29/CE maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach[4] ('UCPD') agus Treoir 2011/83/AE maidir le Cearta Tomhaltóirí[5] ('CRD').

Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú freagraíodh do na heasnaimh a sainaithníodh i Seiceáil Oiriúnachta 2017 agus sa mheastóireacht chomhthreomhar ar CRD[6]. Bhí sé d'aidhm aige forfheidhmiú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí a neartú agus rialacha a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le forbairt an digitithe. I dteannta an togra le haghaidh na Treorach maidir le Nuachóiriú, rinne an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint. Rinneadh dlí de sin in 2020[7].

B'éigean an Treoir maidir le Nuachóiriú **a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 28 Samhain 2021 agus a bheith infheidhme sna Ballstáit ón 28 Bealtaine 2022**. Áirítear inti clásal athbhreithnithe lena sonraítear go dtuairisceofar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena cur i bhfeidhm faoi mhí na Bealtaine 2024. Ba é a bhí le háireamh san athbhreithniú measúnú ar na forálacha a bhaineann le himeachtaí arna n- eagrú in áiteanna seachas áitreabh gnó an trádálaí, agus a bhaineann le hearraí arna margú mar earraí comhionanna ach a bhfuil difríochtaí nach beag idir a gcomhdhéanamh nó a saintréithe (margú 'déchháilíochta').

---

[1] IO L 328, 18.12.2019, lch. 7.

[2] Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95, 21.4.1993, lch. 29).

[3] Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl (IO L 80, 18.3.1998, lch. 27).

[4] Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("an Treoir maidir le Cleachtais Trádála Éagóracha") (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

[5] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

[6] Chun tuilleadh faisnéise a fháil: https://ec.europa.eu/newsroom/just/items/59332.

[7] Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (IO L 409, 4.12.2020, lch. 1).

Cumhdaítear leis an tuarascáil seo tréimhse 2 bhliain tar éis an dáta a bhí dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir maidir le Nuachóiriú ceaptha teacht i bhfeidhm (an 28 Bealtaine 2022). Sa chleachtas, i gcás roinnt mhaith Ballstát, cumhdaítear tréimhse níos giorra leis na sonraí atá ar fáil, i ngeall ar mhoilleanna trasuite. Dá bhrí sin, tá an Treoir fós ag céim réasúnta luath den chur i bhfeidhm, rud a bhfuil impleachtaí aige maidir leis an gcaoi ar cheart léirmhíniú a dhéanamh ar na sonraí maidir le cur chun feidhme a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo. Is teoranta an líon cinntí nó imeachtaí foirmiúla forfheidhmithe a bhaineann leis an Treoir maidir le Nuachóiriú. Go dtí seo, ní raibh aon chásdlí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir lena cur i bhfeidhm, seachas cás réamhrialaithe amháin atá ar feitheamh i ndáil leis an bhforáil nua in PID a bhaineann le laghduithe praghsanna[8].

Ullmhaíodh an tuarascáil seo i gcomhthráth leis an tSeiceáil Oiriúnachta leanúnach ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir le cothroime dhigiteach (an 'tSeiceáil Oiriúnachta')[9], a seoladh i mí na Bealtaine 2022 chun a chinneadh an bhfuil na príomhionstraimí cothrománacha maidir le dlí na dtomhaltóirí fós leordhóthanach chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú sa timpeallacht dhigiteach (cothroime dhigiteach). Cuirfear toradh na Seiceála Oiriúnachta i láthair i dtuarascáil ar leithligh, a fhoilseofar sa dara leath de 2024.

## 2. Príomheilimintí na Treorach maidir le Nuachóiriú

Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, rinneadh leasuithe spriocdhírithe ar UCPD, UCTD, CRD agus PID. Leis an Treoir, tugadh isteach na príomhleasuithe seo a leanas:

- **Rialacha neartaithe maidir le pionóis** i leith sáruithe ar na ceithre threoir.
- Ceart nua AE chun **leigheasanna aonair do thomhaltóirí** a ndéanann cleachtais tráchtála éagóracha a thoirmeasctar le UCPD díobháil dóibh.
- Toirmeasc ar **chleachtais shonracha éagóracha ar líne** (breisithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le UCPD ('dúliosta')) maidir leis na nithe seo a leanas:
    - léirmheasanna ó thomhaltóirí;
    - fógraíocht agus socrúcháin íoctha i dtorthaí cuardaigh;
    - ticéid imeachta a athdhíol.
- **Ceanglais nua trédhearcachta** (leasuithe ar UCPD agus CRD):
    - maidir leis na príomhpharaiméadair lena gcinntear rangú torthaí cuardaigh ar líne;
    - maidir le cé acu a thugtar nó nach dtugtar an conradh i gcrích le trádálaí nó le duine aonair ar mhargadh ar líne;
    - maidir leis na bearta a rinneadh chun a áirithiú gur ó thomhaltóirí a d'úsáid nó a cheannaigh an táirge iarbhír a thagann na léirmheasanna foilsithe ó thomhaltóirí.
- **Cur i bhfeidhm CRD a leathnú chun seirbhísí digiteacha 'saor in aisce'** a chumhdach nach n- íocann tomhaltóirí airgead orthu ach a soláthraíonn sonraí pearsanta ina leith, amhail seirbhísí néalstórála, meáin shóisialta agus ríomhphoist.

---

[8] Cás C-330/23, *Aldi Süd*.

[9] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13413-Digital-fairness-fitness-check-on-EU-consumer-law_ga

- **Trédhearcacht praghsála pearsantaithe**: oibleagáid in CRD foláireamh a thabhairt do thomhaltóirí i gcás ina mbeidh praghas atá pearsantaithe ar bhonn uathphróiseála á chur ina láthair.
- **Margaíocht 'déchálíochta'**: leasú ar UCPD lena dtoirmeasctar cur i láthair míthreorach earraí mar earraí atá comhionann le hearraí a mhargaítear i mBallstáit eile i gcás ina bhfuil difríochtaí nach beag idir comhdhéanamh nó saintréithe na n- earraí sin.
- **Trédhearcacht laghduithe praghsanna**: leasú ar PID lena gceanglaítear ar dhíoltóirí a bhfuil laghdú praghsanna á fhógairt acu an praghas ab ísle a bhí acu le 30 lá anuas a chur in iúl freisin.

Tar éis ghlacadh na Treorach maidir le Nuachóiriú, i mí na Nollag 2021 d'fhoilsigh an Coimisiún fógraí Treoraíochta nuashonraithe maidir le UCPD agus CRD lena dtugtar aghaidh ar na leasuithe a rinneadh chomh maith le fógra Treoraíochta nua ar leithligh maidir leis an bhforáil nua maidir le laghduithe praghsanna in PID[10].

## 3. Trasuí agus measúnú comhréireachta

Le hAirteagal 7 den Treoir maidir le Nuachóiriú, ceanglaíodh ar na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 28 Samhain 2021 agus na bearta a chur i bhfeidhm ón 28 Bealtaine 2022.

I gcaitheamh 2020, reáchtáil an Coimisiún trí cheardlann trasuite chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit an reachtaíocht is gá a ghlacadh. Ghlac cúig Bhallstát bearta náisiúnta iomlána trasuite agus chuir siad in iúl don Choimisiún iad roimh sprioc- am trasuite an 28 Samhain 2021. I mí Eanáir 2022, chuir an Coimisiún tús le nósanna imeachta foirmiúla um shárú in aghaidh 22 Bhallstát nár thug fógra faoi aon bheart trasuite nó nár thug fógra ach faoi bhearta trasuite pháirtigh. Tugadh roinnt tuairimí réasúnaithe ina dhiaidh sin i gcaitheamh 2022. Thug níos mó ná leath de na Ballstáit fógra faoi thrasuí iomlán na Treorach tar éis dháta a cur i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2022. Sa chéad leath de 2023, thug gach Ballstát cé is moite de cheann amháin fógra don Choimisiún faoi thrasuí iomlán na Treorach. Thug an Ballstát deireanach fógra faoi thrasuí iomlán an 29 Bealtaine 2024.

Rinne an Coimisiún measúnú ar chomhréireacht thrasuí na Treorach maidir le Nuachóiriú. Ó bhí deireadh 2023 ann, chuir an Coimisiún tús le naoi sheisiún idirphlé spriocdhírithe[11] leis na húdaráis náisiúnta ábhartha chun soiléiriú a dhéanamh ar na saincheisteanna trasuite a sainaithníodh agus cuirfear tús le hidirphlé le Ballstáit eile go luath.

[10] Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm (IO C 526, 29.12.2021, lch. 1). Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta tomhaltóirí a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm (IO C 525, 29.12.2021, lch. 1). Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Airteagal 6a de Threoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl (IO L 526, 29.12.2021, lch. 130).

[11] Cásanna EU Pilot.

I measc na saincheisteanna a sainaithníodh, baineann na cinn is minice a thagann aníos le trasuí na bhforálacha maidir le sásamh tomhaltóirí aonair in UCPD agus trasuí na rialacha treisithe maidir le pionóis in UCTD, UCPD agus CRD. Murab ionann agus an chuid is mó d'fhorálacha eile na Treorach maidir le Nuachóiriú a thrasuitear focal ar fhocal de ghnáth sna rialacha náisiúnta comhfhreagracha, bhain trasuí na bhforálacha maidir le leigheasanna agus pionóis le hathruithe ar rialacha náisiúnta iomadúla i roinnt mhaith cásanna. Thairis sin, léiríodh sa tseiceáil trasuite roinnt saincheisteanna maidir le trasuí Airteagal 6a nua PID, ar airteagal é maidir le fógraí laghdaithe praghsanna. Is cosúil gur leathnaigh roinnt Ballstát raon feidhme a bhforálacha trasuite ní hamháin chun earraí a chumhdach ach chun seirbhísí atá lasmuigh de raon feidhme Airteagal 6a nua, agus lasmuigh de raon feidhme PID dá réir sin, a chumhdach freisin. Déantar plé níos mionsonraithe ar na saincheisteanna sin agus ar shaincheisteanna trasuite eile sna ranna téamacha seo a leanas.

## 4. Cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú

Na gníomhaíochtaí aimsithe fíoras maidir le cur chun feidhme na Treorach chun críocha na tuarascála seo, rinneadh iad in 2023 go príomha, i.e. ag céim réasúnta luath dá cur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní sholáthraíonn siad léargas iomlán cinnte. Is teoranta freisin an taithí ar fhorfheidhmiú na Treorach ag na húdaráis náisiúnta agus na cúirteanna náisiúnta.

Tá an anailís cur chun feidhme bunaithe ar roinnt foinsí faisnéise. A mhéid a bhaineann le comhlíonadh ag trádálaithe, tagraítear sa tuarascáil do na 'scuab- imscrúduithe' ábhartha ar líne a rinne na húdaráis forfheidhmithe náisiúnta agus a chomhordaigh an Coimisiún faoi chuimsiú an ghréasáin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí (CPC) a bhunaítear le Rialachán (AE) 2017/2394[12] ('gréasán CPC'). Úsáidtear sa tuarascáil freisin an fhaisnéis phoiblí atá ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí faireacháin ábhartha agus na gníomhaíochtaí forfheidhmithe foirmiúla a rinne na húdaráis náisiúnta agus na tuarascálacha agus an taighde a sholáthair páirtithe leasmhara.

Mar chuid de staidéar tacaíochta seachtrach[13] (an 'staidéar tacaíochta') le haghaidh na Seiceála Oiriúnachta agus na tuarascála seo, rinneadh suirbhé ar thomhaltóirí ina raibh sampla 10 000 freagróir lenar cumhdaíodh 10 mBallstát (an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an Spáinn agus an tSualainn)[14]. Ina theannta sin,

---

[12] Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 IO L 345, 27.12. 2017, lch. 1. Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le gníomhaíochtaí CPC in 2020- 2021, féach tuarascáil dhébhliantúil CPC: https://commission.europa.eu/system/files/2022-04/swd_2022_108_f1_staff_working_paper_en_v3_p1_1903309.pdf.

[13] Staidéar chun tacú leis an tSeiceáil Oiriúnachta ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir leis an gcothroime dhigiteach agus an tuarascáil ar chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/2161 maidir leis an Nuachóiriú. Rinne an Lárionad um Sheirbhísí Straitéise agus Meastóireachta (CSES) an staidéar le haghaidh Ard- Stiúrthóireacht an Cheartais faoi Chreatchonradh JUST/2020/PR/03/0001, le tacaíocht ó VVA (anois: Ernst & Young) agus Tetra Tech. Ina theannta sin, thacaigh tuilleadh eagraíochtaí le sainréimsí den anailís (WIK agus LE Europe).

[14] Is féidir a mheas go bhfuil na torthaí ionadaíoch ó thaobh mhéid an tsampla de, lena gcumhdaítear réigiúin éagsúla an Aontais agus lena dtugtar caoi, a mhéid is féidir, don eachtarshuíomh chuig AE-27. I gcás an tsuirbhé ar thomhaltóirí, roghnaíodh painéal mórscála réamhbhunaithe chun a áirithiú go mbainfí amach ardleibhéal freagartha ar an suirbhé agus go mbeadh ionadaíochas láidir ann de réir paraiméadair éagsúla, amhail aois agus inscne.

rinneadh suirbhé spriocdhírithe[15] lenar bailíodh tuairimí ó pháirtithe leasmhara éagsúla (gnólachtaí, comhlachais tomhaltóirí, Aireachtaí agus údaráis forfheidhmithe, etc.) ar fud na mBallstát uile (an 'suirbhé ar pháirtithe leasmhara') maidir le ceisteanna sonracha. Rinneadh agallaimh bhreise le comhlachais tomhaltóirí agus trádála roghnaithe agus le húdaráis forfheidhmithe agus aireachtaí roghnaithe. Pléadh ullmhú na tuarascála leis na Ballstáit i gcruinnithe Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le dlí na dtomhaltóirí. Pléadh ábhair shonracha den Treoir maidir le Nuachóiriú, go háirithe na forálacha maidir le laghduithe praghsanna agus déchháilíocht, ag roinnt cruinnithe déthaobhacha agus iltaobhacha le páirtithe leasmhara agus le húdaráis náisiúnta.

Ar deireadh, mar chuid den staidéar tacaíochta, rinneadh tástálacha comhlíontachta ar thrádálaithe roghnaithe ar líne[16] maidir le hábhair atá ábhartha don Treoir, lena n- áirítear trédhearcacht margaí ar líne, trédhearcacht rangaithe torthaí cuardaigh, praghsáil phearsantaithe, léirmheasanna ó thomhaltóirí ar líne, fógraí laghdaithe praghsanna, agus glaonna teileafóin ar bhunráta i seirbhísí iompair paisinéirí. Cumhdaíodh líon teoranta suíomhanna gréasáin leis na tástálacha sin agus, dá bhrí sin, ní hionann iad agus na 'scuab- imscrúduithe' mórscála a dhéanann údaráis náisiúnta i ngréasán CPC.

---

[15] Rinneadh an suirbhé spriocdhírithe (ar pháirtithe leasmhara) trí úsáid a bhaint as uirlis suirbhé ar líne. As na **164 fhreagróir** san iomlán, bhí 40,2 % díobh, líon = 66, ina **gcomhlachais ghnó** (ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta); bhí 17,7 % díobh, líon = 29, ina **gcomhlachais tomhaltóirí** (ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta); bhí 6,1 % díobh, líon = 10, ina **n- aireachtaí náisiúnta**; bhí 12,2 % díobh, líon = 20, ina **n- údaráis forfheidhmithe náisiúnta**; bhí 6,1 % díobh, líon = 10, ina bhfreagróirí ó **Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC-Net)** agus 10,4 % díobh, líon = 17, ina **dtrádálaithe aonair**. Taighdeoirí acadúla agus daoine eile a bhí sa 13,4 % eile (líon = 22). **Rinne údaráis forfheidhmithe náisiúnta agus aireachtaí náisiúnta** (líon iomlán = 30) ionadaíocht ar **18 mBallstát**: Trí cinn as an Ostair, ceithre cinn as an tSlóivéin; Dhá cheann as gach ceann de na tíortha seo a leanas: an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóvaic; agus ceann amháin as gach ceann de na tíortha seo a leanas: an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Fhionlainn, an Ungáir, Éire, an Liotuáin, an Pholainn, an Spáinn agus an tSualainn; rinne ceann amháin ionadaíocht ar thír 'Eile'. I measc na **gcomhlachas tomhaltóirí** (líon = 19), bhí ceithre cinn díobh ina gcomhlachais ar leibhéal an Aontais agus rinne na comhlachais náisiúnta ionadaíocht ar **8 mBallstát**: sé cinn as an Ostair, trí cinn as an nGearmáin agus ceann amháin as gach ceann de na tíortha seo a leanas: an Chróit, an Fhrainc, an Iodáil, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóvaic. I measc na **66 chomhlachas gnó,** bhí 32 díobh ina gcomhlachais ar leibhéal an Aontais agus rinne na comhlachais náisiúnta ionadaíocht ar **11 Bhallstát**: 12 cheann as an nGearmáin, sé cinn as an mBeilg, cúig cinn as an Iodáil, 2 cheann as an bhFrainc agus an tSualainn, agus ceann amháin as gach ceann de na tíortha seo a leanas: an Ostair, an Bhulgáir, an tSeicia, an Fhionlainn, an Ísiltír, an Spáinn; rinne ceann amháin ionadaíocht ar thír 'Eile'.

[16] Rinneadh na tástálacha comhlíontachta sin ar shampla suíomhanna gréasáin nó aipeanna in 10 mBallstát (mar a rinneadh i gcás an tsuirbhé tomhaltóirí) chun measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht i ndáil le paraiméadair shonracha agus ar a gcomhlíontacht le ceanglais na Treorach maidir le Nuachóiriú. Bhí roghnú na suíomhanna gréasáin agus na n- aipeanna ag brath go príomha ar shainiúlachtaí an ábhair ábhartha a ndearnadh imscrúdú air agus ar a dtábhacht choibhneasta (e.g. an méid tráchta in aghaidh na míosa i ngach tír a cumhdaíodh), lenar cumhdaíodh margaí ar líne, suíomhanna ríomhthráchtála, taisteal agus cóiríocht, suíomhanna comparáide praghsanna, etc. Sa chleachtas, rinne taighdeoirí suíomhanna gréasáin a bhrabhsáil nó aipeanna a úsáid chun gnáthchúraimí a dhéanamh, amhail táirgí a lorg lena gceannach nó iarracht a dhéanamh síntiús a ghlacadh le seirbhís. Bhailigh siad sonraí maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh ina láthair agus maidir le hábhar agus soiléireacht na faisnéise sin. Sna tástálacha comhlíontachta, rinneadh foráil maidir le measúnú cáilíochtúil ar fhadhbanna, lena n- áirítear tuairimí taighdeoirí i dtaobh shoiléireacht na faisnéise, samplaí praiticiúla d'fhadhbanna a sainaithníodh, agus gabhálacha scáileáin mar thacú leo. Cumhdaíodh roinnt suíomhanna gréasáin roghnaithe ach bhí raon feidhme, cuspóir agus cineál gach tástála comhlíontachta éagsúil.

Ina theannta sin, i Scórchláir Dhálaí na dTomhaltóirí 2021 agus 2023 ('CCS 2021' agus 'CCS 2023') a bhí bunaithe, faoi seach, ar Shuirbhéanna Dhálaí na dTomhaltóirí 2020 agus 2022[17], tugtar léargais ar dhearcthaí na dtomhaltóirí maidir le roinnt ábhar a bhí ábhartha don anailís sin, sular tháinig an Treoir maidir le Nuachóiriú i bhfeidhm agus go gairid tar éis a teacht i bhfeidhm (cé nár tháinig sí i bhfeidhm i ngach Ballstát), ar thaithí tomhaltóirí ar rangú torthaí cuardaigh, léirmheasanna ó thomhaltóirí agus laghduithe praghsanna, mar shampla.

Tugtar forbhreathnú sna ranna téamacha seo a leanas den tuarascáil seo (ranna 5 go 15) ar chur chun feidhme phríomheilimintí na Treorach maidir le Nuachóiriú. Tá sé le tabhairt faoi deara gur tharla gníomhaíochtaí bailithe sonraí faoin staidéar tacaíochta le haghaidh na tuarascála seo sular tháinig rialacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha ('DSA')[18] i bhfeidhm. Le DSA rinneadh forbairtí tábhachtacha dá dtagraítear sna ranna téamacha ábhartha.

## 5. Pionóis

Chun forfheidhmiú poiblí dhlí tomhaltóirí an Aontais agus a éifeacht dhíspreagthach a neartú ar fud an Aontais, leasaíodh leis an Treoir maidir le Nuachóiriú na rialacha maidir le pionóis atá ann cheana in PID, UCPD agus CRD lenar ceanglaíodh ar na Ballstáit cheana foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha. Thairis sin, tugadh isteach léi ceanglas nua ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis na pionóis sin in UCTD i gcás nach raibh aon cheanglas den sórt sin ann roimhe sin.

An phríomhghné nua ba ea gur áiríodh in UCPD, CRD agus UCTD[19] ceanglas foráil a dhéanamh maidir le fíneálacha agus socrú uasmhéid na bhfíneálacha sin i leith **sáruithe forleathana agus sáruithe forleathana lena mbaineann gné Aontais** i gcás ina ndéantar bearta forfheidhmithe ar bhealach comhordaithe faoi Airteagal 21 den Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí[20]. Sna cásanna sin, ní mór do na Ballstáit – mar eilimint éigeantach dá rialacha maidir le pionóis – foráil a dhéanamh maidir le fíneálacha suas le **4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an trádálaí** nó suas le **EUR 2 mhilliún** i gcásanna nach féidir an láimhdeachas bliantúil a shuí. Is íoscheanglais iad sin agus bíonn an deis fós ag na Ballstáit fíneálacha uasta níos airde a choimeád nó a thabhairt isteach. Maidir le pionóis a chur i bhfeidhm go ginearálta, bíonn discréid

[17] Suirbhé Dhálaí na dTomhaltóirí 2020, le fáil ag https://commission.europa.eu/document/download/70d38b3e-58ee-4ed9-8017-77af2573bef4_en?filename=ccs_ppt_120321_final.pdf; Suirbhé Dhálaí na dTomhaltóirí 2022, le fáil ag https://commission.europa.eu/document/download/ce4eda77-83bb-436a-baee-84e4b4c4f324_en?filename=ccs_2022_country_data.pdf.

[18] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1). Ón 17 Feabhra 2024, tá feidhm ag rialacha DSA maidir le gach ardán. Ó bhí deireadh mhí Lúnasa 2023 ann, bhí feidhm ag na rialacha sin cheana féin maidir le hardáin ainmnithe a bhfuil níos mó ná 45 mhilliún úsáideoir acu san Aontas (10 % de dhaonra an Aontais), dá ngairtear 'Ardáin an- mhór ar líne' (VLOPanna) nó 'Innill chuardaigh an- mhór ar líne' (VLOSEnna). Go sonrach, rinneadh margaí ar líne amhail Amazon, Aliexpress, Apple AppStore, Google Play, Zalando agus, níos déanaí, Shein agus Temu, a ainmniú mar ardáin an- mhór ar líne.

[19] In UCPD, CRD agus PID, bhí na hairteagail leasaithe maidir le pionóis ina bhforbairt ar an gceanglas ginearálta atá ann cheana foráil a dhéanamh maidir le pionóis, ach is gné nua de UCTD é Airteagal 8b maidir le pionóis.

[20] Leis an Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, dírítear ar chomhar idir na húdaráis forfheidhmithe náisiúnta i gcásanna sáruithe forleathana a dhéanann díobháil do thomhaltóirí i roinnt Ballstát agus i gcásanna sáruithe forleathana lena mbaineann gné Aontais. I gcás an chineáil sin sáraithe fhorleathain, is féidir go mbeidh ar údaráis náisiúnta pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur ar bhealach comhordaithe.

ag na Ballstáit i gcónaí i leith an nós imeachta chun na fíneálacha sin a fhorchur, rud a d'fhéadfadh a bheith ina nós imeachta riaracháin nó breithiúnach.

Thairis sin, leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, ionchorpraíodh in UCPD, UCTD, CRD agus PID critéir neamh- uileghabhálacha tháscacha atá le cur san áireamh agus pionóis á bhforchur, i gcásanna intíre agus trasteorann araon.

An **measúnú comhréireachta** ar na bearta trasuite maidir leis na forálacha sin faoinar tugadh fógra, bhí sé réasúnta casta sa deireadh. Bhí rialacha náisiúnta iomadúla maidir le pionóis ag roinnt Ballstát cheana féin, mar shampla, ag brath ar cén fhoráil den Treoir atá i gceist a sáraíodh. D'fhág sé sin go raibh forálacha trasuite iomadúla ag teastáil chun iad a leasú.

Maidir leis na fíneálacha is féidir a fhorchur i gcásanna trasteorann sna gníomhaíochtaí comhordaithe faoi Airteagal 21 den Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, thrasuigh beagnach gach Ballstát an ceanglas foráil a dhéanamh maidir le fíneáil suas le 4 % de láimhdeachas bliantúil an trádálaí nó, de rogha air sin, EUR 2 mhilliún i leith sáruithe atá faoi réir gníomhaíochtaí comhordaithe CPC. Tá anailís á déanamh nó déanfar anailís ar staid roinnt Ballstát ar tháinig saincheisteanna nó éiginnteacht aníos ina leith i gcomhthéacs an idirphlé spriocdhírithe leis na Ballstáit.

Cuireann roinnt tíortha **an fhíneáil suas le 4 % nó suas le EUR 2 mhilliún i bhfeidhm maidir le cineálacha eile sáruithe freisin** (sáruithe intíre agus trasteorann): mar shampla, i gcás sáruithe ar CRD, cuireann an Ostair an fhíneáil suas le 4 % den láimhdeachas bliantúil i bhfeidhm maidir le gach sárú. I gcás sáruithe ar UCPD, cuireann an Pholainn an fhíneáil suas le EUR 2 mhilliún i bhfeidhm maidir le gach sárú mura bhfuil faisnéis láimhdeachais ar fáil, agus cuireann an Laitvia an fhíneáil suas le 4 % den láimhdeachas bliantúil i bhfeidhm maidir le gach sárú lena mbaineann uasteorainn EUR 300 000 ar a mhéad.

Tá **rialacha níos láidre** ag roinnt tíortha **a théann níos faide ná an riail maidir le EUR 2 mhilliún i gcás sáruithe atá faoi réir gníomhaíocht chomhordaithe CPC**. I gcás nach mbeidh faisnéis faoin láimhdeachas bliantúil ar fáil, d'fhéadfadh fíneálacha uasta suas le EUR 5 mhilliún sa Ghréig nó suas le EUR 4 mhilliún sa Danmhairg a bheith i gceist le sáruithe trasteorann UCPD atá faoi réir na ngníomhaíochtaí comhordaithe sin.

Ina theannta sin, tá tugtha isteach cheana féin ag roinnt tíortha eile **fíneálacha uasta i leith gach sárú atá níos airde ná na fíneálacha a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Nuachóiriú** i leith sáruithe trasteorann atá faoi réir na ngníomhaíochtaí comhordaithe CPC (4 % / EUR 2 mhilliún). Bíonn sáruithe ar UCPD inphionóis de ghnáth le suas le 10 % de láimhdeachas bliantúil an trádálaí san Ísiltír agus sa Pholainn, suas le 6 % sa Bheilg agus suas le 5 % sa Chipir, mar shampla. I gcás sáruithe ar UCTD, mar shampla, déanann an Pholainn foráil maidir le fíneáil suas le 10 % de láimhdeachas bliantúil an trádálaí; Déanann an Chipir foráil maidir le fíneáil suas le 5%.

Na rialacha nua maidir le fíneálacha uasta i leith sáruithe i gcásanna trasteorann atá faoi réir forfheidhmiú comhordaithe CPC, níor cuireadh i bhfeidhm sa chleachtas iad go fóill. Bunaithe ar aiseolas a fuarthas i gcomhthéacs gníomhaíochtaí comhordaithe CPC, bheadh sé dúshlánach d'údaráis áirithe na fíneálacha sin a chur i bhfeidhm i gcásanna nach ndéanfadh cuideachtaí gealltanais iomchuí a mholfadh chun aghaidh a thabhairt ar na sáruithe líomhnaithe. Go sonrach, ní dhéantar foráil leis an Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, ná leis na forálacha pionóis sna treoracha lena mbaineann, maidir le nósanna imeachta soiléire chun forchur pionós a chomhordú agus chun an riosca cásanna *ne-bis-in idem* a sheachaint i gcás ina ndéantar

bearta den sórt sin i gcomhthráth i mBallstáit éagsúla. Tá an Coimisiún ag cuimhneamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, *inter alia* chun a éifeacht dhíspreagthach a mhéadú [21].

Ghlac na Ballstáit cineálacha éagsúla cur chuige i leith thrasuí na **gcritéar neamh- uileghabhálach táscach maidir le forchur pionós**, ar critéir iad a cuireadh le gach ceann de na ceithre threoir leasaithe de thoradh na Treorach maidir le Nuachóiriú. Rinne roinnt Ballstát na critéir uile ar an liosta a thrasuí focal ar fhocal (beagnach) ach, ó tharla nach bhfuil an liosta ach de chineál táscach, níor thrasuigh Ballstáit eile iad ach go páirteach nó bhraith siad ar na forálacha ábhartha atá ann cheana sa dlí náisiúnta lena gceanglaítear, mar shampla, 'tosca géaraitheacha nó maolaitheacha' a bhreithniú agus pionóis á bhforchur.

Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, soláthraítear **roghanna rialála** do na Ballstáit chun na rialacha nua maidir le pionóis in UCPD agus UCTD a chur i bhfeidhm. Faoi **UCTD** (Airteagal 8b(2)), níl sé de rogha ag na Ballstáit na rialacha maidir le pionóis (lena n- áirítear an fhoráil shonrach maidir le fíneálacha i leith sáruithe atá faoi réir an fhorfheidhmithe chomhordaithe CPC) a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le ceann amháin nó an dá cheann de na cásanna seo a leanas: (a) i gcás ina n- úsáideann an trádálaí téarmaí conarthacha a shainítear go sainráite a bheith éagórach i ngach imthoisc sa dlí náisiúnta, nó (b) i gcás ina leanann an trádálaí de bheith ag úsáid téarmaí conarthacha ar suíodh iad a bheith éagórach le cinneadh críochnaitheach. I ndáil le **UCPD** (Airteagal 13(3)), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, ar chúiseanna bunreachtúla náisiúnta, gan na rialacha maidir le fíneálacha i leith sáruithe atá faoi réir an fhorfheidhmithe chomhordaithe CPC a chur i bhfeidhm i gcás inar sháraigh an trádálaí Airteagal 5 UCPD maidir le dícheall gairmiúil, agus an t- airteagal sin amháin, den chéad uair.

Úsáidtear **an rogha rialála faoi UCTD** i roinnt mhaith Ballstát. Cuireann an Chróit, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Phortaingéil, mar shampla, na pionóis i bhfeidhm sa dá chás dá bhforáiltear in UCTD. Ní chuirtear pionóis i bhfeidhm ach i gcásanna ina n- úsáideann an trádálaí téarmaí conarthacha a shainítear go sainráite a bheith éagórach i ngach imthoisc sa dlí náisiúnta, mar shampla san Ostair, sa tSeicia agus san Eastóin. Ar deireadh, níl feidhm ag pionóis ach i gcás ina leanann an trádálaí de bheith ag úsáid téarmaí conarthacha ar suíodh iad a bheith éagórach le cinneadh críochnaitheach, mar shampla, sa Bhulgáir, sa Liotuáin, i Lucsamburg agus sa tSualainn.

Baineann níos lú Ballstát úsáid as an rogha rialála faoi **UCPD,** mar shampla an Ostair, an Chróit, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an tSualainn.

Mar chonclúid, bhain roinnt Ballstát úsáid as roghanna rialála i ndáil leis na rialacha nua maidir le pionóis. Cé is moite de roinnt eisceachtaí, rinne na dlíthe náisiúnta an ceanglas nua maidir le fíneálacha i leith sáruithe atá faoi réir na ngníomhaíochtaí comhordaithe CPC a thrasuí i gceart, agus rinneadh níos mó ná na híoscheanglais i roinnt cásanna, e.g. trína gcur i bhfeidhm a leathnú chuig gach sárú – lena n- áirítear sáruithe intíre – ar na treoracha lena mbaineann. Níor cuireadh i

[21] Féach '*Final report: Information gathering for assisting the European Commission in complying with its obligations under Article 40 ('reporting') of Regulation (EU) 2017/2394 on Consumer Protection Cooperation* [Tuarascáil chríochnaitheach: Faisnéis a bhailiú chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún Eorpach a oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 40 ('tuairisciú') de Rialachán (AE) 2017/2394 maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí], le fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/f3eb3b4c-e819-11ee-9ea8-01aa75ed71a1/language-en.

bhfeidhm sa chleachtas go fóill na rialacha maidir le fíneálacha uasta i leith sáruithe i gcásanna trasteorann atá faoi réir forfheidhmiú comhordaithe CPC.

## 6. Leigheasanna do thomhaltóirí faoi UCPD

Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, ionchorpraíodh in UCPD an **ceart atá ag tomhaltóirí leigheasanna aonair comhréireacha agus éifeachtacha a fháil** i gcás ina ndéanfaidh cleachtais tráchtála éagóracha díobháil dóibh. Ceanglaítear le hAirteagal 11a ar na Ballstáit a áirithiú anois go mbeidh leigheasanna conarthacha agus neamhchonarthacha araon ar fáil do thomhaltóirí a ndearnadh cleachtais éagóracha orthu, i.e. cúiteamh as damáiste, laghdú praghsanna, agus foirceannadh an chonartha. Tá sé de rogha ag na Ballstáit na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm agus éifeachtaí na leigheasanna a chinneadh. Is féidir le tomhaltóirí na leigheasanna sin a fhorfheidhmiú trí chaingne aonair nó trí chaingne comhshásaimh faoin Treoir nua maidir le Caingne Ionadaíocha (AE) 2020/1828, lena ndéantar foráil maidir le sásra nós imeachta um chearta comhchoiteanna tomhaltóirí a fhorfheidhmiú.

Mar is amhlaidh i gcás na rialacha maidir le pionóis, bhí an tseiceáil comhréireachta ar na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 11a réasúnta casta agus d'eascair roinnt ceisteanna aisti a bhfuil aghaidh á tabhairt orthu nó a dtabharfar aghaidh orthu san idirphlé spriocdhírithe le roinnt Ballstát. Is é is cúis leis an gcastacht sin gur cuireadh leigheasanna tomhaltóirí chun feidhme i roinnt mhaith Ballstát go páirteach trí rialacha nua a thabhairt isteach agus go páirteach trína bheith ag brath ar fhorálacha atá ann cheana maidir le leigheasanna dlí shibhialta. Thairis sin, ní raibh raon feidhme ná raon na leigheasanna a bhí ar fáil i roinnt Ballstát soiléir. Tá raon feidhme leathan ag UCPD a bhfuil feidhm aige maidir le cleachtais tráchtála éagóracha a dhéantar lasmuigh d'aon chaidreamh conarthach idir an trádálaí agus an tomhaltóir agus, chomh maith leis sin, tar éis conradh a thabhairt i gcrích agus le linn a fhorghníomhaithe. Dá réir sin, ní mór na leigheasanna tomhaltóirí a bheith ar fáil freisin i gcás sáruithe a bhaineann leis na céimeanna agus na cineálacha caidrimh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sin uile.

Ghlac na Ballstáit **cineálacha éagsúla cur chuige i leith Airteagal 11a UCPD a thrasuí**. Thug roinnt Ballstát, e.g. an tSlóivéin, an Rómáin agus an Laitvia, forálacha sonracha isteach (nó bhí forálacha sonracha acu cheana) sa reachtaíocht acu lena dtrasuitear UCPD lena ndéantar foráil shainráite maidir leis an gceart ag tomhaltóirí leigheasanna a fháil i gcás ina sáraítear na forálacha sin. I ndlíthe roinnt Ballstát lena dtrasuitear UCPD tá forálacha sonracha maidir le leigheasanna ina dtagraítear go sainráite freisin do rialacha breise sa dlí sibhialta ginearálta, amhail cóid shibhialta, san Ostair, sa Chróit, sa tSeicia, san Eastóin agus sa Ghearmáin mar shampla. Ar deireadh, thug roinnt Ballstát fógra faoina ndlí sibhialta ginearálta nó faoi fhorálacha eile maidir le leigheasanna mar fhorálacha is infheidhme maidir le sáruithe ar na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear UCPD, an Fhrainc mar shampla.

Thug roinnt Ballstát fógra faoi fhorálacha lena dtugtar na cearta substainteacha chun leigheasanna agus **lena n- éascaítear a gcur chun feidhme freisin**. Sa Bhulgáir, mar shampla, nuair a éilíonn tomhaltóirí leigheasanna faoin dlí ginearálta os comhair cúirt shibhialta, ní gá dóibh a chruthú go bhfuil an cleachtas éagórach i gcás inar chinn an t- údarás forfheidhmithe náisiúnta (an Coimisiún um Chosaint Tomhaltóirí) cheana féin, in ordú críochnaitheach, go bhfuil cleachtas áirithe éagórach. Ghlac an Spáinn forálacha lena dtugtar luach fianaiseach do chinneadh a rinne an t- údarás nó cúirt roimhe sin maidir le sárú ar UCPD.

Mar chonclúid, áirítear anois i ndlíthe fhormhór na mBallstát rialacha lena dtugtar an ceart do thomhaltóirí cúiteamh a fháil as damáiste, laghdú praghsanna a fháil nó conradh a fhoirceannadh i gcás ina ndearnadh cleachtais éagóracha orthu.

## 7. Fógraí laghdaithe praghsanna

Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, leasaíodh PID trí Airteagal 6a nua a thabhairt isteach maidir le laghduithe praghsanna arb é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh tomhaltóirí níos eolaí agus gur féidir leo measúnú níos fearr a dhéanamh ar fhiúntas agus ar fhíorbhuntáiste an laghdaithe arna fhógairt. Ceanglaítear leis ar dhíoltóirí earraí a fhógraíonn laghdú ar phraghas an 'praghas roimhe sin' a chur in iúl, is é sin **an praghas ab ísle a chuir an trádálaí céanna i bhfeidhm le linn tréimhse ama nach giorra ná 30 lá** roimh chur i bhfeidhm an laghdaithe ar an bpraghas. Mar riail níos sonraí, tá tosaíocht ag Airteagal 6a nua ar fhorálacha ginearálta UCPD, go háirithe maidir le saintréithe an phraghais tagartha agus laghduithe praghsanna á bhfógairt. Mar sin féin, is é UCPD, ina bhfuil cur chuige cás ar chás, atá infheidhme fós maidir le measúnú a dhéanamh ar ghnéithe eile de laghduithe praghsanna nach rialaítear go sainráite in Airteagal 6a PID, amhail fad an laghdaithe praghsanna. Thairis sin, is é UCPD an bunús dlí is infheidhme fós chun measúnú a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla eile promóisean praghsanna atá lasmuigh de raon feidhme Airteagal 6a, amhail comparáidí praghsanna.

Le míreanna 3 go 5 d'Airteagal 6a, déantar foráil maidir le roghanna rialála **lena gceadaítear do na Ballstáit maolú ar an riail ghinearálta** i gcás: (a) earraí ar dócha go dtiocfaidh meathlú orthu go tapa nó go rachaidh siad in éag go tapa (earraí 'meatacha'), (b) earraí atá ar an margadh ar feadh níos lú ná 30 lá ('earraí nua isteach'); agus (c) earraí a méadaítear an laghdú ar a bpraghas de réir a chéile ('lascainí forchéimnitheacha').

Thrasuigh na Ballstáit uile **an riail ghinearálta maidir leis an 'bpraghas roimhe sin'**, agus tréimhse 30 lá á coinneáil ar bun acu mar thréimhse thagartha chun an 'praghas roimhe sin' a shuí. Mar sin féin, cé go bhfuil feidhm ag PID agus ag Airteagal 6a maidir le díol earraí agus maidir leis sin amháin, rinne roinnt Ballstát **raon feidhme na bhforálacha náisiúnta maidir le laghduithe praghsanna a leathnú chun seirbhísí a chumhdach freisin**. Tá ábhair imní léirithe ag páirtithe leasmhara tionscail faoi leathnú Airteagal 6a chuig seirbhísí (féach thíos) agus tá aghaidh á tabhairt ag an gCoimisiún orthu sin tríd an idirphlé spriocdhírithe leis na Ballstáit.

Leis na roghanna rialála in Airteagal 6a, tugtar roinnt solúbthachta do na Ballstáit na rialacha náisiúnta a oiriúnú do dhálaí margaidh catagóirí sonracha earraí. Rinne roinnt mhaith Ballstát, ach ní gach Ballstát, an cinneadh iad a chur i bhfeidhm, agus tá roinnt difríochtaí náisiúnta ann dá thoradh sin.

Leis an rogha rialála a bhaineann le **hearraí ar dócha go dtiocfaidh meathlú orthu go tapa nó go rachaidh siad in éag go tapa ('earraí meatacha')** in Airteagal 6a(3), ceadaítear do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rialacha éagsúla le haghaidh na n- earraí sin nó iad a dhíolmhú ó raon feidhme Airteagal 6a.

Bhain gach Ballstát úsáid as an rogha rialála sin seachas an Chróit, Éire agus Lucsamburg. Forálacha náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 6a PID chun feidhme, níl feidhm acu maidir le hearraí

'meatacha' san Ostair, sa Bheilg, sa tSeicia, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ghréig, san Ungáir, san Iodáil, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Spáinn ná sa tSualainn. Sa Chipir, san Eastóin, i Málta, san Ísiltír, sa Pholainn agus sa tSlóivéin, ní mór do dhíoltóirí an praghas a bhí i bhfeidhm roimh an laghdú a chur in iúl mar phraghas tagartha agus laghduithe praghsanna á bhfógairt. Ar deireadh, cuireann roinnt Ballstát Airteagal 6a i bhfeidhm maidir le hearraí meatacha ach rinne siad foráil maidir le tréimhsí tagartha laghdaithe chun an praghas 'roimhe sin' a shocrú, i.e. sa Bhulgáir (7 lá), sa Rómáin (10 lá), sa Danmhairg (14 lá) agus sa Phortaingéil (15 lá).

Thairis sin, tá **difríocht idir na rialacha náisiúnta a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar earraí a mheastar gur 'dócha go dtiocfaidh meathlú orthu go tapa nó go rachaidh siad in éag go tapa'**. Mar shampla:

- San Ostair, tá feidhm ag an rogha rialála '*i gcás ina gcuirtear an laghdú ar an bpraghas i bhfeidhm mar thoradh ar dhul in éag an dáta íosmharthanachta de réir bhrí Airteagal 2(2)(r) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011*'[22].
- San Fhionlainn, tá feidhm aici maidir le '*hearraí bia an- mheatach*'.
- Sa Ghearmáin, tá feidhm aici maidir le '*hearraí meatacha nó earraí a bhfuil seilfré ghearr fágtha acu má dhéantar an praghas atáthar a iarraidh a laghdú i ngeall ar riosca go bhfuil trochlú ar tí teacht orthu nó i ngeall ar sheilfré atá ar tí dul in éag agus má chuirtear an tomhaltóir ar an eolas faoi sin ar bhealach oiriúnach*'.
- San Iodáil, tá feidhm aici '*maidir leis na táirgí meatacha talmhaíochta agus bia*' mar a shainmhínítear sa reachtaíocht náisiúnta shonrach.
- Sa Liotuáin, tá feidhm aici maidir le '*táirgí meatacha nó earraí a chailleann a luach tráchtála go tapa*'.
- Sa Spáinn, tá feidhm aici maidir le '*táirgí comhionanna atá gar dá ndáta éaga nó don dáta ar fearr iad roimhe*'.
- Sa Bhulgáir, tá feidhm aici maidir le '*hearraí atá faoi réir meathlú tapa, nó a bhfuil seilfré ghearr acu*'.
- San Eastóin, tá feidhm aici maidir le '*hearraí a théann in aois go tapa nó a dtagann meathlú orthu go tapa, i ngeall ar a gcineál nó ar a leibhéal próiseála, agus ar dócha go mbeidh siad mí- oiriúnach lena ndíol sula mbeidh 30 lá caite ón tráth a chuirtear ar díol iad*'.
- San Ísiltír, tá feidhm aici maidir le '*hearraí a dtagann trochlú orthu go tapa nó a bhfuil seilfré theoranta acu*' mar a ainmnítear le hordú ón aire.
- Sa tSlóivéin, bíonn feidhm aici nuair a bhíonn na hearraí díreach roimh a ndáta éaga, agus tá feidhm aici maidir le hearraí meatacha.
- Sa Phortaingéil, ciallaíonn 'táirgí meatacha talmhaíochta agus bia' '*táirgí talmhaíochta agus bia ar dócha, i ngeall ar a gcineál nó ar chéim a bpróiseála, go mbeidh siad*

[22]Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n- aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

*mí- oiriúnach lena ndíol laistigh de 30 lá ó bhuaintear, ó tháirgtear nó ó phróiseáiltear iad*'.

Leis an rogha rialála maidir leis **na hearraí a bhí ar díol ar feadh níos lú ná 30 lá** ('**earraí nua isteach**') in Airteagal 6a(4), cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit fógraí laghdaithe praghsanna a cheadú freisin i ndáil le hearraí a bhí ar díol ag an trádálaí ar feadh níos lú ná 30 lá sular fógraíodh an laghdú ar an bpraghas. I ndáil leis sin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le tréimhse ama níos giorra ná 30 lá chun an praghas 'roimhe sin' a shuí. Roghnaigh roinnt mhaith Ballstát an deis sin a úsáid seachas an Chróit, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Phortaingéil agus an tSualainn.

I measc na mBallstát a úsáideann an rogha rialála, sainíonn roinnt mhaith díobh an 'praghas roimhe sin' mar an praghas is ísle a chuir an trádálaí i bhfeidhm ó bhí na hearraí ar an margadh, gan íostréimhse a shonrú, i.e. an Ostair, an Chipir, an tSeicia, an Ghréig, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóivéin. Sonraítear íostréimhsí sa Bheilg, sa Bhulgáir, san Eastóin agus sa Laitvia (i ngach cás – 7 lá) agus san Ungáir (15 lá).

Ar deireadh, faoin rogha rialála **le haghaidh cásanna ina méadaítear an laghdú ar an bpraghas de réir a chéile** ('**lascainí forchéimnitheacha**') in Airteagal 6a(5), féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh, i gcás ina laghdaítear an praghas de réir a chéile gan bhriseadh le linn an fheachtais díolacháin chéanna, gurb é an praghas ab ísle le linn an 30 lá sular tugadh an chéad fhógra laghdaithe praghsanna é an praghas roimhe sin fós i gcás gach fógra laghdaithe praghsanna a thabharfar ina dhiaidh sin le linn an fheachtais díolacháin. Úsáideann beagnach gach Ballstát an rogha sin, seachas an Pholainn agus an Spáinn.

Is í cur chun feidhme Airteagal 6a PID **an ghné is mó den Treoir maidir le Nuachóiriú a bhfuil plé déanta uirthi,** agus aird shuntasach tugtha ag údaráis na mBallstát agus páirtithe leasmhara uirthi. Ag deireadh 2021, d'eisigh an Coimisiún treoraíocht thiomnaithe maidir le hAirteagal 6a. Ina theannta sin, ghlac roinnt Ballstát **treoirlínte náisiúnta** nó Ceisteanna & Freagraí, e.g. an Bheilg[23], an Danmhairg[24], an Eastóin[25], an Fhionlainn[26], an Fhrainc[27], Éire[28], an Iodáil[29], an Liotuáin[30], an Pholainn[31] agus an tSualainn[32].

Le treoraíocht an Choimisiúin, soiléiríodh, go háirithe, neamh- infheidhmeacht an cheanglais nua maidir leis na sochair leanúnacha a sholáthraítear i gcomhthéacs **clár dílseachta do chustaiméirí**

[23] https://economie.fgov.be/fr/themes/entreprises/guidance/pratiques-commerciales/annoncer-des-reductions-de
[24] https://www.forbrugerombudsmanden.dk/longreads/forbrugerombudsmandens-retningslinjer-for-prismarkedsfoering/;https://www.forbrugerombudsmanden.dk/media/u1bbaaye/forbrugerombudsmandens-retningslinjer-for-prismarkedsfoering.pdf
[25] https://www.ttja.ee/sites/default/files/documents/2022-05/2022.05.04%20-%20Juhend%20-%20Hinna%20avaldamise%20juhend%20%281%29.pdf
[26] https://www.kkv.fi/en/consumer-affairs/marketing-sales-and-indicating-prices/discounts/ https://www.kkv.fi/kuluttaja-asiat/tietoa-ja-ohjeita-yrityksille/kuluttaja-asiamiehen-linjaukset/alennus-ja-edullisuusilmaisut-markkinoinnissa/
[27] https://www.medef.com/uploads/media/node/0019/100/14563-faq-annoncesreductionprix-medef-31052022.pdf?v=1708695236
[28] https://www.ccpc.ie/business/help-for-business/guidelines-for-business/price-reductions/
[29] https://www.mimit.gov.it/it/assistenza/domande-frequenti/annunci-di-riduzione-di-prezzo-domande-frequenti-faq
[30] https://www.vvtat.lt/d.u.k./598#c-6/t-218
[31] https://archiwum.uokik.gov.pl/aktualnosci.php?news_id=19551
[32] Ställningstagande angående information om prissänkningar (stpubshop.blob.core.windows.net)

(cé go mbeadh laghduithe praghsanna sealadacha *ad hoc* breise do chomhaltaí na gclár sin faoi réir Airteagal 6a), agus **maidir le fíorlaghduithe praghsanna pearsantaithe** nach 'bhfógraítear' do thomhaltóirí i gcoitinne iad de thoradh a gcineáil.

Chuir an Coimisiún in iúl go soiléir freisin gurb é a sheasamh, cé go mbíonn sé **de shaoirse i gcónaí ag díoltóirí (faoi réir UCPD a urramú) praghsanna tagartha breise a léiriú** (amhail an gnáthphraghas díola lasmuigh de thréimhsí promóisin) chun teachtaireacht an phromóisin a neartú, **gur cheart dóibh staonadh ó úsáid a bhaint as teicnící a dhéanfadh an praghas roimhe sin doiléir,** rud a chuirfeadh cosc dá réir sin ar thomhaltóirí aird chuí a thabhairt ar an bpraghas roimhe sin nó a d'fhágfadh go mbeadh sé níos deacra dóibh sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, aon laghdú céatadáin (e.g. 'lascaine 30 %') nó aon laghdú ar mhéid (e.g. 'lascaine EUR 50') a roghnódh an díoltóir a léiriú mar phríomheilimint an fhógra laghdaithe praghsanna, ba cheart é a bheith bunaithe ar an bpraghas éigeantach 'roimhe sin'. Mar sin féin, cuireann roinnt mhaith páirtithe leasmhara tionscail in aghaidh an léirmhínithe sin agus, faoi láthair, tá sé faoi réir a tharchurtha ag cúirt Ghearmánach chun réamhrialú ag CBAE (Cás C-330/23, *Aldi Süd*) [33].

Ó glacadh an treoraíocht ón gCoimisiún, tríd an bplé le páirtithe leasmhara maidir le cur chun feidhme Airteagal 6a PID, go háirithe laistigh den chreat um chomhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, tugadh aghaidh ar e.g. **promóisin praghsanna bunaithe ar íosmhéid ceannaigh**. Mhínigh an Coimisiún sa treoirdhoiciméad nach bhfuil feidhm ag Airteagal 6a maidir le tairiscintí coinníollacha comhcheangailte nó nasctha, amhail 'ceannaigh ceann amháin, faigh ceann eile saor in aisce' nó 'lascaine 30 % má cheannaítear trí cinn'. Tá tairiscintí coinníollacha den sórt sin fós faoi réir UCPD. I bhfianaise an mhéid sin, is cosúil go bhfuil údar lena bheith **ag caitheamh ar an gcaoi chéanna le promóisin bunaithe ar íosmhéid ceannaigh ar choinníoll go mbaintear an éifeacht chéanna amach leo agus a bhaintear le promóisin bunaithe ar mhéid**, i.e. tá feidhm acu sa chleachtas maidir le ceannacháin a bhaineann le níos mó ná earra amháin de na hearraí arna gcur ar fáil ag an siopa. Mar an gcéanna leis na teicnící malartacha eile i leith promóisean, níor cheart an t- íosmhéid promóisin a úsáid díreach chun dul timpeall ar chur i bhfeidhm Airteagal 6a agus chun na críche sin amháin.

Gné ábhartha eile is ea neamh- infheidhmeacht Airteagal 6a maidir le **hearraí aonair atá ar tí dul in éag** agus ba cheart a dhíol go tapa dá bhrí sin i gcás nach bhfuil an t- earra i gceist meatach de thoradh a chineáil (e.g. pasta, torthaí leasaithe nó cosmaidí ar gnách tréimhsí fada éaga a bheith acu). Tá an cheist sin ábhartha don Bhallstát a úsáideann an rogha rialála chun 'earraí ar dócha go dtiocfaidh meathlú orthu go tapa nó go rachaidh siad in éag go tapa' a dhíolmhú ó rialacha maidir le laghduithe praghsanna nó foráil a dhéanamh maidir le rialacha éagsúla ina leith. Ós rud é nach sainmhínítear an coincheap sin le hAirteagal 6a PID, is cosúil go bhfuil údar le díolúine den sórt sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le **míreanna aonair earraí nach mór, go hoibiachtúil, a dhíol go tapa fiú mura mbíonn an t- earra i gceist 'meatach' go ginearálta de thoradh a chineáil**. Sa chleachtas, fágann sé sin gur cheart díoltóirí a bheith in ann míreanna sonracha cosmaidí atá ar tí dul in éag, mar shampla, a lascainiú gan difear a bheith á dhéanamh ag an laghdú sin do laghduithe praghsanna ginearálta a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar na hearraí lena mbaineann.

---

[33] CURIA - Faisnéis maidir leis an gcás (europa.eu)

Saincheist thábhachtach eile do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara i gcomhthéacs Airteagal 6a, baineann sí le forbairtí sa mhargadh maidir le **cineálacha eile promóisean praghsanna, go háirithe comparáidí praghsanna**. Ní thagann comparáidí praghsanna faoi raon feidhme Airteagal 6a nua agus tá siad fós faoi réir cheanglais ghinearálta UCPD maidir le cothroime. De réir roinnt údaráis náisiúnta agus comhlachais tomhaltóirí, tá méadú tagtha ar an úsáid a bhaineann díoltóirí as comparáidí praghsanna, go háirithe comparáidí le praghas miondíola molta an mhonaróra, tar éis chur chun feidhme na rialacha nua maidir le laghduithe praghsanna faoi PID.

**Faoi chuimsiú an chomhair ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, a mhéid a bhaineann le hAirteagal 6a a chomhlíonadh, rinneadh scuab- imscrúdú ar laghduithe praghsanna** i mí na Samhna 2022. Le linn an scuab- imscrúdaithe, rinne 13 údarás náisiúnta anailís ar 16 000 táirge ó 176 shuíomh gréasáin, agus rinne siad faireachán orthu i gcaitheamh míosa chun a shuí an raibh ceanglas nua dlíthiúil PID á chomhlíonadh ag an bpraghas 'roimhe sin' a léiríodh. Léirigh an scuab- imscrúdú go raibh laghdú praghais i gceist le níos mó ná leath de na táirgí a ndearnadh faireachán orthu. **As an líon sin, sháraigh 23 % d'fhógraí laghdaithe praghsanna Airteagal 6a PID**. Fuarthas na sáruithe sin ar 43 % ar a laghad de na suíomhanna gréasáin a ndearnadh scagadh orthu. Ní mór a thabhairt faoi deara nach ndearna na Ballstáit uile lena mbaineann Airteagal 6a nua PID a thrasuí agus a chur chun feidhme tráth an scuab- imscrúdaithe, cé gur ceanglaíodh orthu é a chur i bhfeidhm ón 28 Bealtaine 2022[34].

Chun cuidiú leis na húdaráis náisiúnta ina n- imscrúduithe, chuir an Coimisiún **uirlis shonrach bunaithe ar an intleacht shaorga ar fáil dóibh i gcomhthéacs ríomhshaotharlann an Aontais** – tionscadal arb é is aidhm dó ardteicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le himscrúduithe tomhaltóirí ar líne chun tacú le gréasán CPC. Tugann an uirlis caoi do na húdaráis faireachán a dhéanamh ar stair praghsanna na dtáirgí roghnaithe agus a shuí an é an praghas roimhe sin a luaitear san fhógra lascaine an praghas ab ísle a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an táirge sa 30 lá roimh an bhfógra laghdaithe praghsanna.

Sheol roinnt údaráis forfheidhmithe náisiúnta **gníomhaíochtaí forfheidhmithe foirmiúla i ndáil le sáruithe a bhaineann le laghduithe praghsanna**. Mar shampla, i bhfómhar 2023, rinne Gníomhaireacht Tomhaltóirí na Sualainne (*Konsumentverket*)[35] faireachán ar phraghsanna níos mó ná 1 700 táirge i roinnt earnálacha éagsúla. Bhain an t- athbhreithniú le thart ar 100 cuideachta, a ndearna a bhformhór táirgí a mhargú ar phraghsanna laghdaithe le linn na tréimhse athbhreithnithe. 70 % de na cuideachtaí a mhargaigh laghduithe praghsanna, ar cuideachtaí iad a ndearnadh scrúdú orthu, léirigh sé gur sháraigh siad an dlí is infheidhme. Go sonrach, is amhlaidh an méid seo a leanas mar gheall orthu: (1) níor léirigh siad an praghas ab ísle le 30 lá anuas, (2) léirigh siad praghas mícheart don phraghas ab ísle roimhe sin, agus (3) d'úsáid siad praghas tagartha a bhí éagsúil leis an bpraghas ab ísle roimhe sin chun méid an laghdaithe ar an bpraghas a ríomh. I measc na samplaí eile tá Oifig na Polainne um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

[34] Tá torthaí scuab- imscrúdaithe CPC le fáil ag: https://commission.europa.eu/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/sweeps_en.
[35] Tá an t- athbhreithniú le fáil anseo: Konsumentverkets granskning 7 a § prisinformationslagen.

(UOKiK)[36], Údarás na hÍsiltíre um Thomhaltóirí agus Margaí (ACM)[37] agus Údarás na hEastóine um Chosaint Tomhaltóirí agus Rialáil Theicniúil (TTJA)[38] a thuairiscigh sáruithe móra ag trádálaithe agus a d'fhógair imscrúduithe foirmiúla. A mhéid a bhaineann le forfheidhmiú príobháideach, i mí na Bealtaine 2023 d'fhoilsigh an comhlachas tomhaltóirí Francach *UFC-Que Choisir* tuarascáil[39] maidir le cleachtais comparáide praghsanna ocht mórdhíoltóra ar mhargadh na Fraince agus rinne sé gearáin faoi chleachtais tráchtála éagóracha leis an *Procureur de la République de Paris*.

A mhéid a bhaineann le braistintí tomhaltóirí maidir le hiontaofacht laghduithe praghsanna, áiríodh i **Suirbhéanna Dhálaí na dTomhaltóirí** 2020 agus 2022 ceist maidir le cé acu a bhí nó nach raibh taithí ag na tomhaltóirí ar lascainí praghais a raibh an chuma orthu go raibh siad rómhór le bheith fíor agus iad ag cuardach nó ag ceannach ar líne. Na sciartha de thomhaltóirí a thuairiscíonn go dtagann siad i gcónaí, an chuid is mó den am nó uaireanta ar a laghad, ar lascainí praghais ar cosúil go bhfuil siad rómhór, bhí siad comhchosúil sa dá shuirbhé – 60 % in 2022 agus 61 % in 2020.

Idir mí Eanáir agus mí Dheireadh Fómhair 2023, i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta, rinneadh **tástáil chomhlíontachta** ar scála teoranta ar 95 shuíomh gréasáin ar fud 10 mBallstát, ina ndearnadh anailís ar an gcaoi a gcuirtear laghduithe praghsanna agus teicnící promóisin eile i láthair tomhaltóirí[40]. Leis an gcleachtadh sin díríodh ar chur i láthair buntáistí praghais agus níor rianaíodh an praghas tagartha i gcaitheamh na tréimhse 30 lá chun bailíocht an phraghais 'roimhe sin' a shuí.

As measc na 475 tháirge a ndearnadh scagadh orthu, bhí laghduithe praghsanna nó promóisin ann i gcás 360 táirge (ar 75 shuíomh gréasáin as 95 chinn díobh). Léiríodh leis an tseiceáil freisin go raibh *tairiscintí comhcheangailte* ann i gcás 88 dtáirge ar 27 suíomh gréasáin. Ar deireadh, ba réasúnta coitianta laghduithe céatadáin ginearálta nó laghduithe céatadáin a bhí nasctha le *híosmhéid ceannaigh* (49,5 % de na suíomhanna gréasáin a ndearnadh scagadh orthu).

A mhéid a bhaineann le cur i láthair laghduithe praghsanna/promóisean le haghaidh táirgí sonracha (251 táirge ar 42 shuíomh gréasáin), ***cuireadh líne tríd an bpraghas tagartha*** in thart ar 90 % de na cásanna chun an lascaine a chur i dtábhacht. In 75,6 % de na cásanna, **cuireadh an buntáiste praghais i láthair *mar chéatadán***. Go minic, baineadh úsáid as praghas tagartha ar cuireadh líne tríd agus lascaine céatadáin nó dearbhluacha in éineacht chun an promóisean a chur i dtábhacht.

A mhéid a bhaineann le **cineál an bhuntáiste praghais**, i bhformhór na gcásanna (69,7 %) thug na taighdeoirí faoi deara nár cáilíodh nó nár míníodh an praghas tagartha a soláthraíodh (ar cuireadh líne tríd). Tugann sé sin le fios go raibh laghdú praghais á thairiscint ag an díoltóir, rud a fhágann nár mhór don phraghas tagartha a soláthraíodh na ceanglais maidir leis an 'bpraghas roimhe sin' faoi Airteagal 6a PID a chomhlíonadh. Ba chosúil gur **comparáidí praghsanna** a bhí

[36] https://archiwum.uokik.gov.pl/aktualnosci.php?news_id=19718
[37] https://www.acm.nl/nl/publicaties/acm-pakt-webwinkels-aan-die-nepkortingen-gebruiken
[38] https://ttja.ee/uudised/allahindluste-kuvamise-kontroll-e-poodides-pea-40-puhul-tuvastati-rikkumisi?utm_campaign=newsletter-04.06.2024&utm_medium=email&utm_source=sendsmaily
[39] https://www.quechoisir.org/action-ufc-que-choisir-fausses-promotions-l-ufc-que-choisir-depose-plainte-contre-8-sites-de-commerce-en-ligne-n108122/
[40] Roghnaíodh na suíomhanna gréasáin bunaithe ar a rangú móréilimh ar SimilarWeb sa chatagóir Ríomhthráchtáil agus Siopadóireacht.

sna promóisin eile. Bhain an chuid is mó díobh úsáid as an bpraghas miondíola molta mar phraghas tagartha (25,8 %) agus thagair an chuid eile do choincheap an ‘mheánphraghais’ (3,1 %) agus do phraghsanna ar shuíomhanna gréasáin eile (1,4 %).

Tugann na torthaí sin le fios gurbh iad na laghduithe praghsanna an cineál promóisin praghsanna ba leitheadaí; ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go bhféadfadh sé nach raibh cáilíocht shonrach an phraghais tagartha sofheicthe ná suntasach i ngach cás. Mar shampla, sa tuarascáil thuasluaite ó chomhlachas tomhaltóirí na Fraince *UFC-Que Choisir* ó mhí na Bealtaine 2023, ina ndearnadh anailís ar shampla 6 586 thairiscint a raibh líne trína bpraghsanna tagartha, thángthas ar an gconclúid nach raibh ach 3,4 % de na tairiscintí sin ina ‘laghduithe praghsanna’ de réir bhrí Airteagal 6a PID. **Ina ionad sin, comparáidí praghsanna ba ea breis agus 9 gcinn as 10 gcinn de na tairiscintí sin,** a d’úsáid roinnt mhaith bealaí éagsúla chun an tagairt a chur i láthair, cuir i gcás: ‘praghas miondíola molta’, ‘praghas bunaidh’, ‘an praghas a bhí’, ‘meánphraghas ar an margadh’, ‘meánphraghas ar shuíomhanna gréasáin iomaitheoirí’, ‘praghas díoltóra tríú páirtí’, etc.

Leis an suirbhé ar thomhaltóirí i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta, bailíodh **braistintí tomhaltóirí maidir le cineálacha promóisean praghsanna agus a leitheadúlacht**. Shonraigh idir 52 % agus 66 % de na freagróirí gur tháinig siad ar phromóisean praghsanna ‘uaireanta’ ar a laghad le 12 mhí anuas: laghdú praghais nuair a cheannaítear níos mó ná mír amháin (66 %); laghdú nuair a cheannaítear níos mó ná méid áirithe (60 %); laghdú praghais (56 %); praghas laghdaithe do chomhaltaí an ‘chláir dílseachta’ (53 %); comparáid leis an bpraghas molta (52 %).

I gcomhthéacs an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, cé gur thacaigh **comhlachais trádála agus gnólachtaí an Aontais** leis an smaoineamh go dtabharfaí faisnéis níos fearr do thomhaltóirí agus go mbeadh trédhearcacht níos fearr ann maidir le promóisin praghsanna, b’ábhar cáinte acu an riail nua a bheith á cur chun feidhme ar bhealaí éagsúla ó Bhallstát go chéile, amhail a leathnú amach ó dhíol earraí i roinnt Ballstát agus cur i bhfeidhm éagsúil na rogha rialála maidir le hearraí meatacha, rud a chruthaíonn deacrachtaí freisin don trádáil trasteorann. Iarrann siad freisin go ndéanfaí na rialacha a fhorfheidhmiú ar bhealach níos láidre ar mhaithe le cothroime iomaíochta, lena n- áirítear a mhéid a bhaineann le trádálaithe nach trádálaithe de chuid an Aontais iad a dhíríonn ar mhargadh an Aontais. I ndáil leis sin, tá an tionscal ag iarraidh go rachaidh na húdaráis cosanta tomhaltóirí ar fud an Aontais i gcomhar láidir le chéile laistigh de ghréasán CPC[41].

Tá sé tábhachtach do roinnt mhaith páirtithe leasmhara gnó an **tsolúbthacht atá ann faoi láthair maidir le comparáidí praghsanna** a choinneáil ar bun. Tá tábhacht ar leith ag baint le comparáidí praghsanna do ghréasáin saincheadúnais ina bhfógraíonn an saincheadúnóir promóisean praghsanna bunaithe ar a phraghas díola molta, agus san earnáil ‘asraoin’ faisin. Measann páirtithe leasmhara gnó gur cheart an cur chuige measúnaithe cás ar chás atá ann faoi láthair i leith comparáidí praghsanna faoi UCPD a choinneáil ar bun, lena n- áirítear a mhéid a bhaineann leis an bpraghas miondíola molta a úsáid mar thagairt agus teicnící margaíochta laghduithe céatadáin,

[41] Féach, mar shampla, Ecommerce Europe, EuroCommerce agus Independent Retail Europe, *Recommendations to improve the interpretation of and compliance with Article 6a of the 2019 Price Indication Directive,* an 29 Feabhra 2024, le fáil ag: https://www.eurocommerce.eu/2024/02/recommendations-to-improve-the-interpretation-of-and-compliance-with-article-6a-of-the-2019-price-indication-directive/.

laghduithe dearbhluacha agus praghsanna tagartha ar cuireadh líne tríothu. Dar leo, is féidir le trádálaithe a úsáideann comparáidí praghsanna an trédhearcacht is gá a áirithiú trí thomhaltóirí a chur ar an eolas go hiomchuí; is féidir aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann trí threoraíocht UCPD maidir le comparáidí praghsanna a leathnú chun na critéir i ndáil le comparáidí cothroma a shonrú (lena n- áirithítear go bhfuil an praghas tagartha fíor, éifeachtach agus ionadaíoch). Chuirfeadh roinnt mhaith páirtithe leasmhara gnó in aghaidh aon riail fhoirmiúil breise maidir le comparáidí praghsanna, agus d'iarrfaidís an tráth céanna go seachnófaí aon chur chuige éagsúil ag údaráis náisiúnta i mBallstáit éagsúla i leith comparáidí praghsanna agus rialacha ginearálta UCPD á bhforfheidhmiú i gcásanna aonair faoin gcur chuige cás ar chás.

Mar chonclúid, i ndáil le cur chun feidhme riail nua PID, tá **ceisteanna tábhachtacha ann maidir lena léirmhíniú, go háirithe i bhfianaise an raoin leathain teicnící éagsúla a úsáideann díoltóirí i leith promóisin praghsanna**. Soiléiríodh roinnt díobh sa tuarascáil seo (i dteannta na treoraíochta a soláthraíodh cheana i bhFógra 2021 ón gCoimisiún), agus tá an tsaincheist thábhachtach maidir leis an idirghníomhú idir an praghas rialáilte 'roimhe sin' agus praghsanna tagartha eile i laghduithe praghsanna ina hábhar do rialú ó CBAE atá le teacht i gCás C-330/23, *Aldi Süd*.

Le cur chun feidhme Airteagal 6a PID **léirítear éagsúlachtaí áirithe ó Bhallstát go chéile** a mhéid a bhaineann lena raon feidhme agus leis na catagóirí earraí atá faoi réir roghanna rialála. Go sonrach, tá cur chun feidhme éagsúil na rogha rialála le haghaidh 'earraí meatacha' ina ábhar imní maidir leis an easpa cothroime iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann agus an easpa deimhneachta dlíthiúla do thomhaltóirí agus do thrádálaithe. Ba cheart réiteach rialála malartach a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar na catagóirí earraí sin ar bhealach níos comhchuibhithe ó Bhallstát go chéile.

Ní hamháin gur eisigh roinnt Ballstát treoraíocht fhoirmiúil dá dtrádálaithe, lena gcomhlánaítear an Fógra ón gCoimisiún, ach rinne siad faireachán ar an margadh agus forfheidhmiú foirmiúil freisin, lena n- áirítear trí dhul i gcomhar laistigh den chreat um chomhar maidir le cosaint tomhaltóirí agus trí úsáid a bhaint as na huirlisí digiteacha a sholáthraítear leis. Leanfaidh forfheidhmiú láidir leanúnach de ról ríthábhachtach a bheith aige maidir le hAirteagal 6a PID a chur chun feidhme. Iarrann roinnt mhaith ionadaithe trádálaithe freisin go gcuirfí na rialacha chun feidhme ar bhealach níos aonfhoirmí agus go ndéanfaí iad a fhorfheidhmiú ar bhealach níos láidre chun a ráthú go mbeadh cothroime iomaíochta ann.

Cuireann roinnt mhaith ionadaithe tomhaltóirí agus na Ballstát i dtábhacht gur gá **aghaidh a thabhairt ar an mbaol go dtiocfaidh mearbhall ar thomhaltóirí** agus idirdhealú á dhéanamh acu idir laghduithe praghsanna 'rialáilte' agus cineálacha eile buntáistí praghais nach bhfuil ach faoi réir an mheasúnaithe cás ar chás faoi UCPD. Is cosúil go bhfuil úsáid níos forleithne á baint as na foirmeacha malartacha sin ó tháinig rialacha PID maidir le laghduithe praghsanna i bhfeidhm, go háirithe comparáidí praghsanna ina n- úsáidtear an praghas miondíola molta mar thagairt. Os a choinne sin, iarrann ionadaithe trádálaithe go dtabharfaí aghaidh ar chomparáidí praghsanna trí threoraíocht bhreise maidir lena bprionsabail i gcomhthéacs UCPD. Dar leo, ba cheart an rogha sholúbtha teicnící le haghaidh comparáidí praghsanna a choinneáil ar bun agus UCPD á chur i bhfeidhm ar bhonn cás ar chás. Is gá tuilleadh taighde a dhéanamh chun a mheas an bhfuil mearbhall ann de dheasca na gcleachtas gnó a dhéantar faoi láthair maidir le comparáidí

praghsanna a mhargú agus an gcuireann siad tomhaltóirí ar míthreoir maidir le fíorchineál an phromóisin praghsanna agus an bhuntáiste a bhaineann leis.

## 8. Margaíocht 'déch____'

Is éard is 'déch____' ann an téarma a úsáidtear go coitianta chun tagairt a dhéanamh chleachtais trádálaithe **earraí a mhargú i mBallstáit éagsúla mar earraí comhionanna**, d'ainneoin go bhfuil difríochtaí nach beag idir a gcomhdhéanamh nó a saintréithe. Ní bhaineann na difríochtaí sin le 'cáilíocht' na n- earraí iontu féin ach leis na difríochtaí idir comhdhéanamh nó saintréithe na n- earraí. Dá bhrí sin, cé go n- úsáidtear go coitianta é, ní gá go gciallódh an téarma 'déchháilíocht' cáilíocht níos ísle earraí. Agus a thábhachtaí atá saincheist na 'déchháilíochta' á aithint ag an gCoimisiún, rud a chuir an Chomhairle Eorpach[42], Parlaimint na hEorpa[43] agus roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara in iúl, mhol sé go neartófaí cosaint tomhaltóirí sna cásanna sin trí leasú sonrach a dhéanamh ar UCPD.

Le hAirteagal 6(2)(c) nua UCPD, cumhachtaítear na húdaráis inniúla go sonrach cleachtais 'déchháilíochta' a stopadh agus a thoirmeasc, faoi réir measúnú cás ar chás. Bunaithe ar an measúnú a rinne an Coimisiún ar na bearta trasuite, chuir na Ballstáit an fhoráil 'déchháilíochta' chun feidhme i gceart ina ndlí náisiúnta ar an iomlán. Tá fadhb fhéideartha maidir le trasuí á plé le Ballstát amháin.

Is é is aidhm d'Airteagal 6 UCPD **trédhearcacht a áirithiú** ionas nach gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir de dheasca táirgí arna gcur ina láthair mar tháirgí atá comhionann ar fud an Aontais nuair nach amhlaidh atá. Tá **feidhm aige i gcás ina bhféadfadh sé go bhfágfadh cleachtas margaíochta den sórt sin go ndéanfadh tomhaltóirí cinntí idirbhirt nach ndéanfaidís dá mbeidís ar an eolas faoin difríocht i gcomhdhéanamh agus saintréithe an earra**. Ní dhéileálann reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí le comhdhéanamh ná le hoidis táirgí. Dá bhrí sin, níl sé d'aidhm shonrach ag an leasú sin ar UCPD, ná ní cheanglaítear leis, oidis táirgí a chomhchuibhiú ar fud an Aontais.

Shoiléirigh an Coimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 6(2)(c) UCPD i roinn thiomnaithe de Threoraíocht UCPD ag deireadh 2021. Mínítear sa Treoraíocht, i gcomhréir le raon feidhme ginearálta UCPD, go gcumhdaítear le '**margaíocht**' an chaoi a gcuirtear earraí i láthair ar a bpacáistíocht, an fhógraíocht ghaolmhar agus díol na n- earraí le tomhaltóirí. Tá feidhm ag an bhforáil maidir le gach trádálaí a bhfuil baint aige le soláthar earraí do thomhaltóirí, **cé gur léir gurb é an príomh- spriocghrúpa na monaróirí** a chinneann comhdhéanamh, dearadh agus cur i láthair na n- earraí a mhargaítear i mBallstáit éagsúla.

Mínítear coincheapa tábhachtacha freisin le Treoraíocht UCPD, amhail **'mar earraí comhionanna' agus 'suntasacht' na difríochta** sa chomhdhéanamh nó sna saintréithe. Go sonrach, mínítear léi go mbaineann 'suntasacht' leis an mbraistint atá ag gnáth- thomhaltóir agus,

---

[42] Féach na Conclúidí ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2017, atá le fáil anseo: https://www.consilium.europa.eu/media/24113/09-conclusions-pec.pdf agus, níos déanaí, Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Aibreáin 2024 le fáil anseo: https://www.consilium.europa.eu/media/m5jlwe0p/euco-conclusions-20240417-18-en.pdf.

[43] Féach ceisteanna ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa arna ndíriú ar an gCoimisiún, atá le fáil ag: https://www.europarl.europa.eu/plenary/ga/parliamentary-questions.html#sidesForm.

dá bhrí sin, go bhfuil sí ina cuid den mheasúnú ginearálta cás ar chás a dhéantar ar an tionchar a imríonn margaíocht ar chinneadh idirbhirt an ghnáth- thomhaltóra rogha a dhéanamh idir earraí. Mínítear leis an Treoraíocht freisin nach mór léirmhíniú cúng a dhéanamh ar an eisceacht i gcás **difríochtaí a dtugann 'tosca dlisteanacha agus oibiachtúla'** údar leo, amhail infhaighteacht gheografach nó shéasúrach amhábhar nó beartais dheonacha trádálaithe um athfhoirmliú cothaitheach nach féidir a dhéanamh go teicniúil ná go heacnamaíoch an tráth céanna i ngach margadh[44]. Thairis sin, má áitíonn trádálaithe go bhfuil údar, ar chúiseanna dlisteanacha agus oibiachtúla, leis na difríochtaí in earraí a mhargaítear mar earraí comhionanna, ba cheart dóibh tomhaltóirí a chur ar an eolas fúthu sin ar mhodhanna eile, mar shampla i bhfógraíocht ghaolmhar, i bhfaisnéis ag áitreabh an mhiondíoltóra nó trí mhodhanna ar líne atá inrochtana go héasca.

Tá faireachán gníomhach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar shaincheist na 'décháilíochta' ó Bhallstát go chéile agus leanfaidh sé de sin. Rinne sé roinnt staidéar ar an ábhar freisin trína Airmheán Comhpháirteach Taighde.

I mí Iúil 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún torthaí an **dara staidéar ar chomparáid uile- Aontais idir saintréithe agus cur i láthair táirgí bia brandáilte**[45]. Cumhdaíodh 26 Bhallstát[46] leis an staidéar sin (i gcomparáid le 19 mBallstát a cumhdaíodh leis an gcéad staidéar a foilsíodh in 2019[47]). Thángthas ar an gconclúid ann go raibh comhdhéanamh éagsúil ag 6 % de na táirgí bia a cumhdaíodh leis an staidéar ach go raibh cuma chomhionann ar aghaidh an phacáiste acu, agus go raibh comhdhéanamh éagsúil ag 23 % de na táirgí agus gur léiríodh na difríochtaí iontu go pointe áirithe trí éagsúlachtaí sa dearadh ar aghaidh an phacáiste[48].

I gcomparáid leis an gcéad staidéar in 2019, ba é a bhí ann **laghdú 7 bpointe céatadáin[49] ar earraí a bhfuil cuma chomhionann nó chomhchosúil ar aghaidh an phacáiste acu ach comhdhéanamh éagsúil nó saintréithe éagsúla acu**. Is ábhar misnigh é an toradh, go háirithe ós rud é gur bailíodh an sampla le haghaidh na hanailíse sular tháinig foráil nua UCPD i bhfeidhm. Mar a tharla sa chéad staidéar in 2019, níor tháinig an Coimisiún in 2023 ar fhianaise ar aon phatrún geografach comhsheasmhach i gcomhdhéanamh agus saintréithe na n- earraí. Mar sin féin, léiríodh freisin leis an staidéar sin is déanaí go bhfuil cásanna ann fós ina ndéantar táirgí a bhfuil comhdhéanamh éagsúil acu a mhargú mar tháirgí comhionanna. Leanfaidh an Coimisiún

---

[44] I ndáil leis sin, leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', moltar táirgí bia a athfhoirmliú i gcomhréir le treoirlínte maidir le haistí bia sláintiúla inbhuanaithe. D'fhéadfaí a áireamh ar straitéisí deonacha den sórt sin chun siúcraí sa bhreis, saillte sáithithe agus salann a laghdú, mar shampla, athruithe ar oidis a rolladh amach de réir a chéile ar chúiseanna eagraíochtúla agus chun glacadh tomhaltóirí a áirithiú.

[45] Le fáil ag: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC131303.

[46] Bailíodh na sonraí in 2021 i ngach Ballstát seachas Málta, áit nárbh fhéidir na hearraí a shampláil mar gheall ar shrianta taistil a bhain le COVID- 19.

[47] Le fáil ag: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC117088.

[48] Cuid mhór de na táirgí a áiríodh i bhfeachtas tástála 2018/2019 (agus i bhfeachtas tástála 2021 freisin), ba tháirgí iad a bhfuair údaráis náisiúnta cosanta tomhaltóirí nó comhlachais tomhaltóirí gearáin ina leith maidir le difríochtaí idir leaganacha intíre díobh agus leaganacha atá ar fáil i mBallstáit eile. Ar an gcúis sin, níl an sciar de tháirgí 'déchháilíochta' ionadaíoch; d'fhéadfadh sé a bheith ina rómheastachán ar sciar foriomlán na dtáirgí bia 'déchháilíochta' i margadh aonair an Aontais.

[49] Maidir leis an dá chatagóir i dteannta a chéile (difríochtaí i gcomhdhéanamh táirgí a bhfuil a gcur i láthair comhchosúil nó comhionann) sna 19 mBallstát céanna ina ndearnadh staidéar 2019 (seachas na 26 Bhallstát i staidéar 2023), tá laghdú 7 bpointe céatadáin ó 31 % i staidéar 2019 go 24 % i staidéar 2023.

d'fhaireachán a dhéanamh ar an ábhar agus ar thionchar chur i bhfeidhm fhoráil nua UCPD sna Ballstáit.

Chomh maith leis sin, in 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún roinnt doiciméad anailíseach tábhachtach eile.

Ar an gcéad dul síos, sa staidéar ar tháirgí bia, ionchorpraíodh **suirbhé ar mhonaróirí na dtáirgí i gceist**[50]. Tromlach (60 %) na gcuideachtaí ar suíodh go ndearna siad earraí 'décháilíochta' a mhargú, shonraigh siad go ndearna siad gníomhaíochtaí nó go raibh sé beartaithe acu gníomhú, lena n- áirítear trí chur i láthair táirgí a athrú (i.e. an chuma ar aghaidh an phacáiste), oidis a chomhchuibhiú, bearta eile a chur chun feidhme (e.g. tomhaltóirí a chur ar an eolas) nó teaglaim de na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Ba í reachtaíocht tomhaltóirí an Aontais an chúis ba mhinice a luaigh cuideachtaí le gníomhú (47 % de na freagróirí a thug freagra). Cúiseanna amhail athrú ar an straitéis ghnó (20 %), idirghabháil na n- údarás poiblí náisiúnta (7 %) agus poiblíocht dhiúltach (7 %), luadh iad sin freisin mar chúiseanna le haghaidh a thabhairt ar an ábhar. Na cuideachtaí nach raibh sé beartaithe acu aon ghníomhaíocht a dhéanamh (40 % de na freagróirí), thuairiscigh siad gur difríochtaí i rialacháin náisiúnta (80 %) ba chúis leis an easpa gníomhaíochta. Tharraing roinnt díobh aird ar thosca a bhaineann le táirgeadh (40 %) amhail na tosca sin a bhaineann le hinfhaighteacht amhábhar ar fud an Aontais nó an trealamh teicniúil a úsáidtear i monarchana. Luadh roghanna tomhaltóirí freisin, amhail blasphróifílí sonracha (30 %), nó difríochtaí i gcaighdeáin dheonacha ó Bhallstát go chéile (20 %). Ar deireadh, áiríodh ar 'chúiseanna eile' rialacha éagsúla maidir le slánú chun céatadán na gcomhábhar nó na dtáirgí nach ón tréimhse táirgthe chéanna iad a ndearnadh comparáid eatarthu a léiriú.

Ar an dara dul síos, tugadh i gcrích tástáil eimpíreach ar **bhraistintí tomhaltóirí maidir le difríochtaí pacáistíochta agus leaganacha táirgí** de tháirgí bia brandáilte a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad comhionann[51]. Rinneadh amach sa staidéar go n- imríonn eilimintí an dearaidh ar aghaidh an phacáiste tionchar ar an mbraistint maidir le difríochtaí pacáistíochta agus táirge agus ar roghanna tomhaltóirí agus, i bhfianaise chastacht na n- eilimintí dearaidh, go mbeadh gá le measúnú cás ar chás ar a dtionchar iarbhír ar bhraistint agus roghanna tomhaltóirí.

Ar deireadh, d'fhoilsigh an Coimisiún **staidéar maidir leis an earnáil cúraim phearsanta agus teaghlaigh** freisin tar éis dó an mhodheolaíocht atá ann cheana agus a úsáideadh roimhe seo le haghaidh táirgí bia a oiriúnú[52]. Rinneadh amach ann go raibh comhdhéanamh éagsúil ag 8 % de na táirgí ach gur fágadh an chuma ar aghaidh an phacáiste acu gan difreáil i gceann amháin ar a laghad de na 20 Ballstát a ndearnadh suirbhé orthu. Bhí comhdhéanamh éagsúil ag 25 % de na táirgí agus léiríodh na difríochtaí iontu go pointe áirithe trí éagsúlachtaí sa dearadh grafach ar aghaidh an phacáiste. D'áitigh na húinéirí branda gurbh iad na cúiseanna a bhí leis na difríochtaí

[50] Áirítear ar na monaróirí bia táirgeoirí raoin leathain earraí amhail milseogra, gránaigh, anraithí, blastóga agus sneaiceanna réidh le hithe, feoil, táirgí déiríochta, iasc, siúcraí, deochanna neamh- mheisciúla. Féach go háirithe Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcomparáid uile- Aontais idir saintréithe agus cur i láthair táirgí bia brandáilte (2021) Iarscríbhinn 5 – Torthaí an tsuirbhé ar chuideachtaí, atá le fáil ag: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC131303.

[51] Le fáil ag: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC130388.

[52] Le fáil ag: https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC134346. Rinneadh an staidéar in 15 Bhallstát a léirigh spéis a bheith rannpháirteach agus i gcúig Bhallstát breise inar bhailigh JRC féin na sonraí.

sin gur seoladh táirgí ag amanna éagsúla i dtimthriallta athfhoirmlithe na dtáirgí. Arís, níor léiríodh aon difreáil chomhsheasmhach idir táirgí a bhaineann le réigiúin gheografacha áirithe de chuid na mBallstát rannpháirteach.

Cuireadh réamhthorthaí na staidéar éagsúil sin i láthair le linn imeacht páirtithe leasmhara i mí Dheireadh Fómhair 2022[53] agus cuireadh na torthaí críochnaitheacha i láthair Choiste Pharlaimint na hEorpa um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra i mí Mheán Fómhair 2023.

I staidéar a rinne an Coimisiún roimhe seo in 2020[54] rinneadh amach, trí thomhaltóirí a chur ar an eolas faoi dhifreáil táirgí bia i mBallstáit éagsúla tríd an maíomh 'déanta do thír X' a áireamh ann, go raibh **tionchair éagsúla aige sin ar chinntí ceannaigh tomhaltóirí**, i.e. i gcásanna áirithe roghnaíodh na leaganacha 'intíre' dá bharr, agus i gcásanna eile roghnaíodh na leaganacha 'eachtracha'. **I gcás ina gcuirfí difreáil earraí os a chomhair, bheadh iompraíocht an tomhaltóra ag brath freisin ar scála na difríochta**. Ba mhó seans go ndéanfaí difear do chinneadh idirbhirt na ngnáth- thomhaltóirí dá mbeadh a fhios acu go raibh difríocht shubstaintiúil idir príomh- chomhábhar amháin nó roinnt príomh- chomhábhar nó idir cion na bpríomh- chomhábhar sin[55]. Ina theannta sin, is mó seans go mbeidh saintréithe céadfacha éagsúla ann mar thoradh ar dhifríochtaí comhdhéanaimh níos mó, rud a fhágann go bhfuil an difríocht níos soiléire.

I mí Aibreáin 2023, chun tacú leis na húdaráis náisiúnta ina ngníomhaíochtaí maidir le 'décháilíocht', d'eagraigh an Coimisiún, in éineacht le hÚdarás na Rómáine um Chosaint Tomhaltóirí, **ceardlann thiomnaithe faoi chuimsiú an chomhair maidir le cosaint tomhaltóirí**. Deis a bhí sa cheardlann le haghaidh malartuithe úsáideacha idir ionadaithe na mBallstát agus an tionscal. Cé gur mheas na húdaráis náisiúnta ar an iomlán gur ábhar tábhachtach é, chuir siad in iúl freisin go dtugann siad leibhéil éagsúla tosaíochta dó, ós rud é nach ndéanann margaíocht 'déchailíochta' difear do thomhaltóirí ar an mbealach céanna i ngach Ballstát. Chuir an chuid is mó d'údaráis na mBallstát measúnú cás ar chás i dtábhacht agus chuir siad in iúl nach bhfuil fadhb na 'déch※áilíochta' ina hábhar imní chomh mór sin anois agus a bhí roimh ghlacadh na Treorach maidir le Nuachóiriú, mar gheall ar an idirphlé neamhfhoirmiúil fiúntach leis na monaróirí i gcomhthéacs chur chun feidhme riail nua UCPD freisin.

[53] Áiríodh ar na rannpháirtithe comhlachais tionscail, cuideachtaí bia/deochanna, údaráis náisiúnta cosanta tomhaltóirí agus Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí.

[54] Tuarascáil JRC dar teideal *Economic analysis of differences in composition of seemingly identical food branded products in the Single Market* [Anailísí eacnamaíocha ar dhifríochtaí i gcomhdhéanamh táirgí bia brandáilte sa Mhargadh Aonair a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad comhionann] (2020), le fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/19769287-a153-11ea-9d2d-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-242563517. Trí thurgnaimh saotharlainne agus turgnaimh ar líne, rinneadh anailís sa tuarascáil ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann sé difear don rogha a dhéanann tomhaltóirí idir leaganacha táirge iad a chur ar an eolas faoi na difríochtaí táirge (a cuireadh in iúl leis an sonrúchán 'déanta do thír X'). Ní raibh aon rogha shoiléir sa turgnamh ar líne i bhfabhar leaganacha 'intíre' nó leaganacha eachtracha, ach ba mhó ab fhearr le tomhaltóirí leaganacha intíre sa turgnamh saotharlainne.

[55] Tuarascáil JRC dar teideal *Differences in composition of seemingly identical branded products*: *Impact on consumer purchase decisions and welfare* [Difríochtaí i gcomhdhéanamh táirgí brandáilte a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad comhionann: Tionchar ar chinntí ceannaigh tomhaltóirí agus ar leas tomhaltóirí] (2020), le fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/98ecec80-a154-11ea-9d2d-01aa75ed71a1/language-en.

Chuir raon teagmhálacha le páirtithe leasmhara atá dírithe ar an ‘déch※áilíocht’ bonn eolais faoin tuarascáil seo. Cumhdaíodh gach Ballstát in agallaimh le hAireachtaí náisiúnta ina ndíríodh ar chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Nuachóiriú. Ina theannta sin, tríd an gclár níos leithne agallamh le haghaidh na Seiceála Oiriúnachta, bailíodh aiseolas maidir le ‘déch※áilíocht’ ó pháirtithe leasmhara lena mbaineann, lena n- áirítear ó chomhlachais trádálaithe de chuid an Aontais. Thuairiscigh roinnt aireachtaí náisiúnta gur mheas siad gur tugadh aghaidh cheana féin ar shaincheist na ‘déch※áilíochta’ tríd an Treoir maidir le Nuachóiriú. Mheas aireachtaí eile gur saincheist í a bhfuil tábhacht réasúnta beag ag baint léi i gcomparáid le cleachtais fhadhbacha eile. Mar sin féin, is ann freisin do Bhallstáit a léirigh ábhair imní leanúnacha faoin ‘déch※áilíocht’.

De réir aiseolais sna hagallaimh agus i scríbhinn a fuarthas ó Aireachtaí náisiúnta, **ní dhearna ach dhá Bhallstát imscrúduithe foirmiúla ar chásanna décháilíochta**. Shaothraigh údaráis na Seicia cás ‘décháilíochta’ a bhain le monaróir táirge bia a raibh difríochtaí ina chomhdhéanamh le sonrú i gcomparáid le táirgí coibhéiseacha a mhargaítear i mBallstáit eile. Rinne údaráis na Rómáine imscrúdú ar chás a bhain le cuideachta deochanna boga ar an bhforas nárbh ionann comhdhéanamh dá n- earraí a bhí brandáilte ar bhealach comhionann i mBallstáit éagsúla. Níor fhógair na húdaráis lena mbaineann conclúidí na n- imscrúduithe sin go poiblí.

Ina theannta sin, rinne an tSlóvaic taighde margaidh in 2024 agus tháinig ar chásanna d’earraí a raibh difríochtaí ina gcomhdhéanamh acu, go háirithe i gcás deochanna boga, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus blastanas. Chuir an tSlóvaic na torthaí sin i láthair ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 27 Bealtaine 2024 inar iarradh ar an gCoimisiún leanúint d’aird chuí a thabhairt ar an bhfadhb sin agus inar iarradh ar na Ballstáit uile reachtaíocht ábhartha an Aontais a fhorfheidhmiú[56].

Áiríodh sa suirbhé ar pháirtithe leasmhara freisin ceisteanna sonracha maidir leis an **díobháil a bhraitear a bheith ann do thomhaltóirí** mar gheall ar chleachtais ‘décháilíochta’, na **gníomhaíochtaí is gá chun aghaidh a thabhairt uirthi** agus na **cineálacha gníomhaíochta reachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann**.

Maidir le **díobháil do thomhaltóirí**[57], mheas 26 fhreagróir go ndéantar díobháil mhór nó mheasartha do thomhaltóirí mar gheall ar chleachtais ‘décháilíochta’. I measc 26 fhreagróir, d’fhreagair naoi gcinn d’aireachtaí agus d’údaráis forfheidhmithe ó shé Bhallstát, agus seacht gcomhlachas tomhaltóirí (comhlachais náisiúnta ó shé Bhallstát agus comhlachas amháin ar leibhéal an Aontais) go raibh díobháil á déanamh do thomhaltóirí. Níor chuir aon chomhlachas gnó an tuairim sin in iúl.

Maidir leis na **bearta is gá chun dul i ngleic le cleachtais ‘décháilíochta’** ag trádálaithe[58], as measc údaráis na mBallstát (aireachtaí agus údaráis forfheidhmithe), d’fhreagair ionadaithe ó thrí Bhallstát gur leordhóthanach iad na rialacha atá ann faoi láthair faoi UCPD, atá bunaithe ar mheasúnú cás ar chás agus lena meastar an tionchar ar thomhaltóirí, agus gur cheart iad a

[56] Tá an taifeadadh le fáil ag: https://video.consilium.europa.eu/event/en/27486.

[57] Ceist 24 den suirbhé ar pháirtithe leasmhara: ‘An measann tú go ndéantar díobháil do thomhaltóirí mar gheall ar chleachtais trádálaithe margaíocht a dhéanamh ar earraí (trína mbrandáil agus trína gcur i láthair) mar earraí atá comhionann leis na hearraí sin i mBallstáit eile d’ainneoin na ndifríochtaí atá eatarthu ó thaobh comhdhéanaimh agus saintréithe de (‘décháilíocht’)?’.

[58] Ceist 26 den suirbhé ar pháirtithe leasmhara: ‘Cad é do thuairim maidir le bearta chun dul i ngleic le cleachtais ‘décháilíochta’ ag trádálaithe?’.

fhorfheidhmiú agus d'fhreagair ionadaithe na dtrí Bhallstát eile go bhfuil gá le rialacha níos láidre. As measc **na gcomhlachas tomhaltóirí**, mheas ceann amháin go bhfuil na rialacha leordhóthanach ach gur cheart iad a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr agus bhraith comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar chúig Bhallstát go bhfuil gá le rialacha níos láidre. An comhlachas aonair ar leibhéal an Aontais a thug freagra ar an suirbhé, níor thug sé freagra ar an gceist sin.

Ar deireadh, na freagróirí a shonraigh go bhfuil gá le 'rialacha níos láidre', iarradh orthu a shonrú **cé na roghanna a neartódh an creat dlíthiúil**[59]. D'fhéadfadh na freagróirí níos mó ná ceann amháin de na roghanna a cuireadh i dtoll a chéile roimh ré a shonrú agus a roghanna malartacha a mholadh.

As measc na gceithre fhreagróir a rinne ionadaíocht ar **aireachtaí náisiúnta agus údaráis forfheidhmithe** (a rinne ionadaíocht ar thrí Bhallstát ar an iomlán), bhí trí fhreagróir (a rinne ionadaíocht ar dhá Bhallstát) i bhfabhar toirmeasc a chur ar chleachtais mhargaíochta den sórt sin i ngach imthoisc agus sna Ballstáit uile a ndéantar difear dóibh, gan beann ar a dtionchar ar thomhaltóirí aonair i dtíortha aonair. Thacaigh gach ceann de na ceithre fhreagróir ó na trí Bhallstát leis an dá rogha eile (freisin): raon feidhme na dtosca 'dlisteanach agus oibiachtúil' a d'fhéadfadh údar a thabhairt le cleachtais mhargaíochta den sórt sin a shrianadh/a shonrú, agus rialacha breise a ghlacadh maidir le tomhaltóirí a chur ar an eolas i gcás ina ndéantar difreáil ar leaganacha náisiúnta táirgí mar gheall ar thosca 'dlisteanacha agus oibiachtúla'.

As na cúig **chomhlachas tomhaltóirí** (a rinne ionadaíocht ar chúig Bhallstát), bhí comhlachas amháin i bhfabhar toirmeasc a chur ar chleachtais mhargaíochta 'déchháilíochta' i ngach imthoisc. Bhí trí cinn i bhfabhar na roghanna eile – raon feidhme na dtosca 'dlisteanach agus oibiachtúil' a shrianadh/a shonrú agus rialacha breise a thabhairt isteach chun tomhaltóirí a chur ar an eolas. Léirigh ceann eile oscailteacht i leith gach rogha.

Mar chonclúid, léiríonn an taithí forfheidhmiúcháin agus na suirbhéanna a rinneadh chun críche na tuarascála seo go bhfuil **braistintí éagsúla ann maidir lena thábhachtaí atá fadhbanna a bhaineann le 'déchháilíocht'**. Is ábhar imní fós í do Bhallstáit áirithe. Maidir leis an leasú ábhartha a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, is cosúil go bhfuil na Ballstáit sásta tríd is tríd leis na féidearthachtaí atá ar fáil anois faoi UCPD **chun gníomhú i leith cleachtais mhargaíochta 'déchháilíochta' i gcás ina bhfuil údar maith leis sin chun a dtomhaltóirí a chosaint,** i.e. ar bhonn cás ar chás. Ba mhór ag roinnt údaráis náisiúnta a gcomhar neamhfhoirmiúil leis an tionscal chun na fadhbanna a sainaithníodh a réiteach.

Léirítear sa suirbhé uile- Aontais is déanaí ón gCoimisiún ar tháirgí bia go bhfuil bearta á ndéanamh ag an tionscal chun cur i láthair na leaganacha náisiúnta éagsúla a athrú, ionas nach gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir, nó chun a n- oidis agus a gcomhdhéanamh a chomhchuibhiú ó Bhallstát go chéile.

I bhfianaise an mhéid thuas, agus ó tharla nach bhfuil an reachtaíocht nua i bhfeidhm ach le 2 bhliain anuas, is cosúil gur gá **díriú ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na rialacha nua**.

Agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17- 18 Aibreán 2024 á gcur san áireamh, leanfaidh an Coimisiún de chúnamh a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát aghaidh a thabhairt ar chásanna

[59] Ceist 27 den suirbhé ar pháirtithe leasmhara: 'Cé acu cinn de na rialacha seo a leanas, dar leat, a neartódh an creat dlíthiúil maidir le cleachtais 'déchháilíochta'?'.

‘décháilíochta’ atá ina n- ábhar imní, de bheith ag tacú le comhar trí ghréasán CPC, de chur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta nua a chur chun cinn, agus leanfaidh sé d’fhaireachán a dhéanamh ar chor na margaí.

## 9. Díol gan iarraidh ó dhoras go doras, turais tráchtála agus imeachtaí díolacháin

Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, cuireadh rogha rialála le UCPD (Airteagal 3(5)) lena gceadaítear do na Ballstáit rialacha comhréireacha agus neamh- idirdhealaitheacha a ghlacadh chun leasanna dlisteanacha tomhaltóirí a chosaint maidir le cleachtais mhargaíochta nó díola atá ionsaitheach nó míthreorach i gcomhthéacs cuairteanna gan iarraidh ar theach tomhaltóra (‘**díol gan iarraidh ó dhoras go doras**’)[60] nó turais arna n- eagrú ag trádálaí arb é is aidhm dóibh nó a bhfuil sé d’éifeacht acu táirgí a chur chun cinn nó a dhíol le tomhaltóirí (‘**turais tráchtála**’), i gcás ina bhfuil údar leis na rialacha sin ar fhoras cosanta tomhaltóirí.

Mínítear in aithris 55 den Treoir maidir le Nuachóiriú **nár cheart na bealaí díolacháin sin iontu féin a thoirmeasc** le forálacha náisiúnta den sórt sin. Tugtar samplaí ann freisin de na forálacha náisiúnta a d’fhéadfadh a bheith ann, mar shampla, toirmeasc a chur ar chuairteanna gan iarraidh má chuir an tomhaltóir in iúl go soiléir nach bhfuil cuairteanna den sórt sin inghlactha nó an t- am den lá nach gceadaítear cuairteanna den sórt sin a shainiú. Ní mór a thabhairt faoi deara nach ndéanann na roghanna rialála nua sin difear do bhearta na mBallstát bunaithe ar fhoras seachas foras cosanta tomhaltóirí nach dtagann faoi raon feidhme comhchuibhithe UCPD (mar shampla, féach Aithris 7 de UCPD maidir le bearta bunaithe ar thoighis agus cuibheas).

Ina theannta sin, leasaíodh CRD chun a cheadú do na Ballstáit forálacha náisiúnta a ghlacadh lena ndéantar foráil maidir le rialacha níos fabhraí i ndáil le **ceart an tomhaltóra chun tarraingt siar**. Dá bhrí sin, is féidir leis na Ballstáit síneadh a chur leis an gceart chun tarraingt siar i gcás cuairteanna gan iarraidh nó turais tráchtála ó 14 lá go 30 lá (Airteagal 9(1a) CRD), agus is féidir leo maolú ar cheithre cinn de na heisceachtaí sonracha ón gceart chun tarraingt siar (an chéad mhír, pointí (a), (b), (c) agus (e) d’Airteagal 16 CRD)[61].

Níl feidhm ag na roghanna rialála sin maidir le catagóir eile díola seacháitribh – **imeachtaí díolacháin (taispeántais táirgí) arna n- eagrú in áiteanna seachas áitreabh gnó an trádálaí**, amhail tithe príobháideacha, caiféanna nó bialanna. Tá na teicnící díola sin fós faoi réir rialacha ginearálta UCPD agus CRD. Le clásal athbhreithniúcháin na Treorach maidir le Nuachóiriú, ceanglaítear go sonrach ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear leibhéal leordhóthanach cosanta do thomhaltóirí leis na rialacha atá ann faoi láthair i gcomhthéacs imeachtaí díola den sórt sin.

---

[60] In agallaimh a rinne an conraitheoir le linn an staidéir tacaíochta leis na comhlachais díola dhírigh ar leibhéal an Aontais, thug SELDIA agus Direct Selling Europe (DSE) dá n- aire go bhfuil cuairteanna gan iarraidh ina gcion íseal den ghníomhaíocht díola iomlán ó dhoras go doras, arb é an rud is mó is cúis léi cuairteanna ar dhaoine a chomhaontaigh roimh ré go dtabharfaí cuairt orthu.

[61] Is iad sin, an díolúine ón gceart chun tarraingt siar i gcás conarthaí seirbhíse tar éis chomhlíonadh na seirbhíse ina hiomláine (pointe (a)), soláthar earraí nó seirbhísí a bhfuil a bpraghas ag brath ar luaineachtaí sa mhargadh airgeadais (pointe (b)), soláthar earraí arna ndéanamh de réir shonraíochtaí an tomhaltóra nó atá pearsantaithe go soiléir (pointe (c)), agus soláthar earraí séalaithe nach bhfuil oiriúnach lena dtabhairt ar ais ar chúiseanna cosanta sláinte nó sláinteachais agus ar baineadh an séala díobh tar éis a seachadta (pointe (e)).

Bhain roinnt Ballstát[62] úsáid as na **roghanna rialála chun gnéithe sonracha de chuairteanna gan iarraidh agus/nó turais tráchtála a rialáil faoi UCPD** (an Ostair, an Bheilg, an Chróit, an tSeicia, an Fhrainc, an Ghearmáin, an tSlóvaic agus an Spáinn). Foráiltear le dlí na Cróite, mar shampla, go bhféadfar cuairteanna gan iarraidh a thabhairt ar theach tomhaltóra ar laethanta oibre idir 8.00 agus 20.00. Sa Ghearmáin, i gcás ina dtugtar conradh i gcrích i gcomhthéacs cuairt gan iarraidh ar theach tomhaltóra, tá toirmeasc ar cheangal a chur ar an tomhaltóir íoc as an earra nó as an tseirbhís roimh dheireadh an lae a thugtar an conradh i gcrích (níl feidhm aige sin más lú an íocaíocht ná EUR 50). Sa Fhrainc cuirtear toirmeasc ar thrádálaí cuairt gan iarraidh a thabhairt ar theach tomhaltóra chun earraí a dhíol nó seirbhísí a sholáthar i gcás inar chuir an tomhaltóir in iúl go soiléir agus gan débhrí nach mian leis go dtabharfaí na cuairteanna sin air.

Baineann roinnt Ballstát úsáid as **roghanna rialála CRD maidir leis an gceart chun tarraingt siar**. Úsáideann an Chipir, an Ghréig, an Iodáil, Málta, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic an dá rogha mar shampla, i.e. chuir siad síneadh go 30 lá le tréimhse an chirt chun tarraingt siar agus rinne siad cur i bhfeidhm na n- eisceachtaí uile ar an gceart chun tarraingt siar, nó cuid de na heisceachtaí sin, a tharscaoileadh. Ina theannta sin, níor bhain an tSeicia, Éire, an Phortaingéil ná an Spáinn úsáid ach as an rogha chun síneadh go 30 lá a chur le tréimhse an chirt chun tarraingt siar, agus rinne an Ostair, an Chróit agus an Fhionlainn cur i bhfeidhm na gceithre eisceacht uile ar an gceart chun tarraingt siar, nó cuid díobh, a tharscaoileadh.

Páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht ar **an earnáil díola dhírigh** (lena gcuimsítear díol ó dhoras go doras agus díol ag imeachtaí), níor chuir siad ábhair imní shonracha in iúl don Choimisiún maidir leis an úsáid a bhaineann na Ballstáit as na roghanna rialála sin. Níl aon léiriú ann ach oiread go n- imrítear tionchar suntasach ar thrádáil trasteorann. De réir na n- ionadaithe tionscail, ní bhaineann gné láidir thrasteorann leis an díol ó dhoras go doras. Thairis sin, bíonn roinnt mhaith díoltóirí díreacha ag aistriú chuig modhanna díolacháin ar líne agus gné na hidirghníomhaíochta pearsanta lena gcustaiméirí á gcoimeád acu.

De réir shuirbhé Ipsos 2023 ar dhíoltóirí díreacha[63], is iad na modhanna is coitianta chun díol le custaiméirí atá ann cheana líonraí pearsanta (54 %), cóisirí/taispeántais táirgí sa bhaile (39 %) agus na meáin shóisialta (39 %); is iad na modhanna is coitianta chun díol le custaiméirí ionchasacha nua, áfach, atreoruithe/scéal scéil (64 %), líonraí pearsanta (51 %) agus cóisirí/taispeántais táirgí sa bhaile (43 %).

**Tá imeachtaí díolacháin eagraithe (i.e. taispeántas táirgí i dteach príobháideach, in óstán nó i mbialann agus an táirge á dhíol ann)** faoi réir fhorálacha ginearálta UCPD. Is féidir leis na húdaráis náisiúnta smachtbhannaí a fhorchur i leith cleachtais ionsaitheacha mhíthreoracha i gcomhthéacs imeachtaí díolacháin den sórt sin bunaithe ar mheasúnú cás ar chás faoi Airteagail 5 go 9 UCPD. Ina theannta sin, le hIarscríbhinn I a ghabhann le UCPD cuirtear toirmeasc ar

[62] Tuilleadh faisnéise maidir leis na Ballstáit a úsáideann na roghanna rialála faoi UCPD agus CRD agus leis na forálacha náisiúnta ábhartha, tá sí le fáil sna fógraí ó na Ballstáit a d'fhoilsigh an Coimisiún ag: https://commission.europa.eu/law/law-topic/consumer-protection-law/consumer-contract-law/consumer-rights-directive/regulatory-choices-under-article-29-crd_en and https://commission.europa.eu/law/law-topic/consumer-protection-law/unfair-commercial-practices-law/unfair-commercial-practices-directive/regulatory-choices-under-unfair-commercial-practices-directive-200529ec_en.

[63] Suirbhé ar líne a rinne Ipsos idir an 27 Márta agus an 21 Aibreán 2023 in 12 Bhallstát (an tSeicia, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSlóvaic, an Spáinn agus an tSualainn), le fáil ag https://directsellingeurope.eu/sites/default/files/2023-07/Ipsos%20Survey%202023%20-%20Full%20Visual.pdf.

chleachtais lena dtugann an trádálaí le tuiscint nach bhfuil sé ag gníomhú chun críoch a bhaineann le gairm an trádálaí, agus ar chleachtais lena dtugann le tuiscint nach féidir leis an tomhaltóir an t- áitreabh a fhágáil go dtí go ndéanfar conradh. Thairis sin, tá UCPD gan dochar do chórais údarúcháin agus do bhearta náisiúnta a dhéantar chun críoch eile seachas cosaint tomhaltóirí (amhail cúiseanna cultúrtha, cuibheas, etc.) agus nach dtagann faoi raon feidhme UCPD dá bhrí sin.

Sa staidéar tacaíochta le haghaidh na tuarascála seo, níor sainaithníodh aon chás náisiúnta ná aon ghníomhaíocht forfheidhmithe maidir le **himeachtaí díolacháin** go sonrach.

Sa suirbhé ar thomhaltóirí i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta, **níor thuairiscigh ach mionlach tomhaltóirí** go ndeachaigh siad, le 12 mhí anuas, chuig **taispeántas táirgí i dteach príobháideach, in óstán nó i mbialann** agus an táirge á dhíol ann – 16 % (idir 28 % sa Rómáin agus 11 % sa Phortaingéil)[64]. Thuairiscigh an sciar céanna de na freagróirí (16 %) gur tugadh **cuairt díola gan iarraidh ó dhoras go doras** orthu (idir 23 % sa tSualainn agus sa Fhrainc agus 6 % san Ungáir). Chuaigh líon níos lú fós **ar thurais tráchtála**: 11 % (idir 14 % sa Fhrainc agus 8 % sa Phortaingéil agus san Ungáir).

Mar sin féin, ina measc siúd a tháinig ar na teicnící díola sin, chuir an tromlach (67 % i gcás an díola ó dhoras go doras agus imeachtaí díola agus 70 % i gcás turais tráchtála) in iúl gur **mhothaigh siad go raibh brú orthu ceannach a dhéanamh**[65]. Ba san Eastóin (81 %) a bhí an sciar ab airde de thomhaltóirí a mhothaigh go raibh brú orthu le linn **cuairteanna gan iarraidh** agus ba sa Fhrainc a bhí an sciar ab ísle (50 %). A mhéid a bhaineann le **turais tráchtála**, ba sa Pholainn (78 %) a bhí an sciar ab airde de thomhaltóirí a mhothaigh go raibh brú orthu agus ba san Iodáil a bhí an sciar ab ísle (63 %). I gcás **taispeántais táirgí** i dteach príobháideach, in óstán nó i mbialann, ba sa Phortaingéil a bhí an sciar ab airde de thomhaltóirí a mhothaigh go raibh brú orthu (79 %) agus ba sa Fhrainc a bhí an sciar ab ísle (59 %).

Áiríodh sa suirbhé ar pháirtithe leasmhara ceisteanna maidir le **díobháil a bhraitear a bheith ann do thomhaltóirí** mar gheall ar chleachtais éagóracha a d'fhéadfadh a bheith ann amhail teanndíol, faisnéis mhíthreorach a úsáidtear i gcomhthéacs na dteicnící díolacháin sin agus na bearta is gá[66].

A mhéid a bhaineann le **díol ó dhoras go doras**, tugadh 128 bhfreagra ar leith; cuireadh tuairim in iúl le 87 gcinn díobh sin agus ba é an freagra 'níl a fhios agam' a tugadh leis an 41 eile. As measc na 23 fhreagróir san iomlán ó **na haireachtaí náisiúnta agus na húdaráis forfheidhmithe** (a rinne ionadaíocht ar 17 mBallstát), mheas 17 bhfreagróir (a rinne ionadaíocht ar 12 Bhallstát) go ndéanann díol ó dhoras go doras díobháil 'mhór' nó 'mheasartha' do thomhaltóirí. As measc na 13 fhreagróir san iomlán ó chomhlachais tomhaltóirí (comhlachais náisiúnta ó ocht mBallstát agus dhá chomhlachas ar leibhéal an Aontais), mheas 12 fhreagróir go ndéanann díol ó dhoras go doras díobháil mhór nó mheasartha do thomhaltóirí. As measc na bhfreagróirí ó **chomhlachais ghnó** (28), níor mheas aon cheann díobh go ndéanann díol ó dhoras go doras díobháil mhór nó mheasartha do thomhaltóirí.

---

[64] Ceist 15 den suirbhé ar thomhaltóirí: 'Le 12 mhí anuas, ar tháinig tú ar aon cheann de na cleachtais díola seo a leanas?'.
[65] Ceist 15.1 den suirbhé ar thomhaltóirí: 'Ar mhothaigh tú go raibh brú ort an táirge nó an tseirbhís a cheannach sna cásanna sin mar gheall ar na cleachtais díola sin?'.
[66] Ceist 22 den suirbhé ar pháirtithe leasmhara:'An measann tú go ndéantar díobháil do thomhaltóirí mar gheall ar chleachtais tráchtála éagóracha (i.e. teanndíol, faisnéis mhíthreorach) i gcomhthéacs na dteicnící díola seo a leanas a dhéantar lasmuigh de ghnátháitreabh gnó an díoltóra?'.

A mhéid a bhaineann le **turais tráchtála**, chuir 76 fhreagróir tuairim in iúl agus thug 52 cheann díobh an freagra 'níl a fhios agam'). As measc na 25 fhreagróir san iomlán ó **aireachtaí náisiúnta agus údaráis forfheidhmithe** (a rinne ionadaíocht ar 16 Bhallstát), mheas 12 fhreagróir (a rinne ionadaíocht ar 10 mBallstát) go ndéanann turais tráchtála díobháil 'mhór' nó 'mheasartha' do thomhaltóirí. As measc na 13 fhreagróir ar an iomlán ó chomhlachais tomhaltóirí (comhlachais náisiúnta ó ocht mBallstát agus dhá chomhlachas ar leibhéal an Aontais), mheas 11 fhreagróir go ndéanann díol ó dhoras go doras díobháil mhór nó mheasartha do thomhaltóirí. As measc na bhfreagróirí ó 27 **gcomhlachas gnó**, níor mheas aon cheann díobh go ndéanann díol ó dhoras go doras díobháil mhór nó mheasartha do thomhaltóirí.

Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le **himeachtaí díola eagraithe**, as measc na 127 bhfreagróir ar an iomlán, chuir 78 bhfreagróir tuairim in iúl agus ba é an freagra 'níl a fhios agam' a thug 49 bhfreagróir. As measc na 19 bhfreagróir san iomlán ó **na haireachtaí náisiúnta agus na húdaráis forfheidhmithe** (a rinne ionadaíocht ar 13 Bhallstát), mheas 14 fhreagróir (a rinne ionadaíocht ar 11 Bhallstát) go ndéanann imeachtaí díolacháin díobháil 'mhór' nó 'mheasartha' do thomhaltóirí. As measc na 14 fhreagróir san iomlán ó chomhlachais tomhaltóirí (comhlachais náisiúnta ó ocht mBallstát agus trí chomhlachas ar leibhéal an Aontais), mheas 11 cheann díobh go ndéanann imeachtaí díolacháin díobháil 'mhór' nó 'mheasartha' do thomhaltóirí. I measc na 27 bhfreagróir ó **chomhlachais ghnó**, níor fhreagair aon cheann díobh go ndéanann na himeachtaí sin díobháil mhór nó mheasartha.

Na **freagróirí** a mheas go ndéanann na teicnící díola sin díobháil **mhór nó mheasartha**, iarradh orthu a dtuairimí a thabhairt maidir leis **na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí**[67]. Fuarthas 40 freagra den sórt sin maidir le díol ó dhoras go doras, 31 cheann maidir le turais tráchtála agus 34 cinn maidir le himeachtaí díola eagraithe.

A mhéid a bhaineann le **díol ó dhoras go doras**, as measc na 16 fhreagróir ó **aireachtaí náisiúnta agus údaráis forfheidhmithe** (a rinne ionadaíocht ar 10 mBallstát), thacaigh ocht bhfreagróir (a rinne ionadaíocht ar shé Bhallstát) le **forfheidhmiú níos fearr** ar na rialacha atá ann cheana, thacaigh dhá fhreagróir (a rinne ionadaíocht ar an mBallstát céanna) le **rialacha náisiúnta saincheaptha níos láidre** agus thacaigh ceithre fhreagróir (a rinne ionadaíocht ar thrí Bhallstát) le **rialacha uile- Aontais níos láidre**.

A mhéid a bhaineann le **turais tráchtála**, as measc na 16 fhreagróir ó **aireachtaí náisiúnta agus údaráis forfheidhmithe** (a rinne ionadaíocht ar 10 mBallstát), thacaigh seacht bhfreagróir (a rinne ionadaíocht ar thrí Bhallstát) le **forfheidhmiú níos fearr** ar na rialacha atá ann cheana, thacaigh freagróir amháin le **rialacha náisiúnta saincheaptha níos láidre** agus thacaigh dhá fhreagróir (a rinne ionadaíocht ar dhá Bhallstát) le **rialacha uile- Aontais níos láidre**.

A mhéid a bhaineann le **himeachtaí díola eagraithe**, as measc na 16 fhreagróir ó **aireachtaí náisiúnta agus údaráis forfheidhmithe** (a rinne ionadaíocht ar 10 mBallstát), thacaigh ceithre fhreagróir (a rinne ionadaíocht ar cheithre Bhallstát) le **forfheidhmiú níos fearr** ar na rialacha atá ann cheana, thacaigh dhá fhreagróir (a rinne ionadaíocht ar dhá Bhallstát) le **rialacha náisiúnta saincheaptha níos láidre** agus thacaigh ceithre fhreagróir (a rinne ionadaíocht ar cheithre Bhallstát) le **rialacha uile- Aontais níos láidre**.

[67] Ceist 23 den suirbhé ar pháirtithe leasmhara: 'Cé na bearta is gá chun tomhaltóirí a chosaint níos fearr i gcásanna den sórt sin?'.

Ar an leibhéal náisiúnta, rinne Údarás na hÍsiltíre um Thomhaltóirí agus Margaí (ACM)[68] staidéar ar thomhaltóirí in 2022. Tháinig sé ar an gconclúid gurb iad conarthaí fuinnimh go príomha a mhargaítear trína ndíol ó dhoras go doras, ach gurb amhlaidh sin freisin i gcás ticéid chrannchuir, pleananna teileafóin agus leathanbhanda, agus tabhartais do charthanais. Tugadh faoi deara sa staidéar go gcuirtear brú ar roinnt mhaith tomhaltóirí conarthaí a thabhairt i gcrích i gcomhthéacs díola ó dhoras go doras.

Mar chonclúid, bunaithe ar na sonraí a bailíodh le haghaidh 10 mBallstát, ní nochtar ach mionlach coibhneasta tomhaltóirí do na trí theicníc díola atá i gceist. Mar sin féin, i measc na dtomhaltóirí sin a tháinig orthu sa chleachtas, tuairiscíonn céatadán mór díobh gur cás teanndíola a bhí ann, rud as a dtagann ábhair imní maidir le cothroime na gcleachtas tráchtála a úsáideann na díoltóirí faoi seach. Tá na roghanna nua rialála faoi UCPD agus CRD curtha chun feidhme ag roinnt Ballstát chun rialacha agus srianta sonracha breise a fhorchur agus/nó chun ceart an tomhaltóra chun tarraingt siar i ndíol ó dhoras go doras agus i dturais tráchtála a neartú. Tá sé róluath teacht ar chonclúidí maidir le tionchar na mbeart sin.

A mhéid a bhaineann le **himeachtaí díolacháin** (taispeántais táirgí), sa taighde le haghaidh na tuarascála seo níor léiríodh go bhfuil gníomhaíocht rialála á hiarraidh go láidir ag na Ballstáit ná ag páirtithe leasmhara. Níor tháinig cás na n- imeachtaí díolacháin chun cinn ach oiread mar shaincheist mhór sna páipéir sheasaimh a fuarthas (sna comhairliúcháin phoiblí[69] ná sna comhairliúcháin spriocdhírithe). Le UCPD cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit srian a chur leis na cleachtais éagóracha i gcomhthéacs imeachtaí díolacháin trí na forálacha ginearálta in aghaidh cleachtais mhíthreoracha agus ionsaitheacha a chur i bhfeidhm chomh maith leis na toirmisc ábhartha shonracha sa dúliosta.

## 10. Trédhearcacht i gcuardaigh ar líne

Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, cuireadh an ceanglas le UCPD (Airteagal 7(4a)) **tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na príomhpharaiméadair lena gcinntear rangú torthaí cuardaigh ar líne i dtimpeallacht gnólacht le tomhaltóir**. Chomhlánaigh sé sin an oibleagáid chomhthreomhar a tugadh isteach leis an Rialachán maidir le hArdáin le haghaidh Gnó[70] sa timpeallacht gnólacht le gnólacht. Faoi UCPD, tá feidhm ag na ceanglais sin maidir le margaí ar líne agus uirlisí comparáide lena dtugtar caoi do thomhaltóirí cuardach a dhéanamh ar tháirgí arna gcur ar fáil ag tríú páirtithe (i.e. ag trádálaithe eile, agus ag tomhaltóirí freisin a chuireann earraí agus seirbhísí ar fáil ar ardáin lena ndéantar idirghabháil ar dhíolacháin tomhaltóir le tomhaltóir (C2C)). Áirítear ceanglas comhchosúil freisin in CRD (Airteagal 6a) nach bhfuil feidhm aige ach amháin maidir le margaí ar líne. Thairis sin, rinneadh toirmeasc sonrach ar fhógraíocht neamhnochta agus ar chur chun cinn táirgí i dtorthaí cuardaigh a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le UCPD (pointe 11a).

---

[68] Le fáil ag: https://www.acm.nl/en/publications/acm-study-reveals-doorstep-selling-major-nuisance-consumers.

[69] Comhairliúchán poiblí maidir le 'Cothroime dhigiteach – seiceáil oiriúnachta ar dhlí thomhaltóirí an Aontais', le fáil ag: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13413-Digital-fairness-fitness-check-on-EU-consumer-law/public-consultation_ga.

[70] Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57). I measc ceanglais eile, leagtar amach sa Rialachán maidir le hArdáin le haghaidh Gnó ceanglais trédhearcachta ar ardáin ar líne agus ar innill chuardaigh maidir leis na critéir rangaithe ina gcaidreamh le húsáideoirí gnó.

Thairis sin, i gcás córais moltaí, ceanglaítear le DSA go mbeidh níos mó trédhearcachta sna téarmaí agus sna coinníollacha maidir leis na príomhpharaiméadair a úsáidtear, mar aon le faisnéis agus feidhmiúlachtaí maidir leis na roghanna atá ag tomhaltóirí chun na paraiméadair sin a mhodhnú nó tionchar a imirt orthu. Tugtar isteach le DSA freisin oibleagáid ar ardáin ar líne ráiteas soiléir sonrach ar chúiseanna a sholáthar d'aon cheann d'fhaighteoirí na seirbhíse dá ndéantar difear maidir le haon srian ar infheictheacht míreanna sonracha faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, lena n- áirítear ábhar a bhaint, rochtain ar ábhar a dhíchumasú, nó ísliú céime a thabhairt d'ábhar. I gcás ardáin an- mhór ar líne (VLOPanna) agus innill chuardaigh an- mhór ar líne (VLOSEnna), ceanglaítear le DSA go mbeidh córas moltaí neamhphearsantaithe amháin, ar a laghad, ar fáil mar rogha.

A mhéid a bhaineann le **braistintí tomhaltóirí faoi thrédhearcacht an rangaithe ar líne**, ba é 52 % an céatadán tomhaltóirí a chuir in iúl in CCS 2023 nach raibh siad in ann modh rangaithe na dtorthaí cuardaigh a thuiscint 'uaireanta' ar a laghad (i gcomparáid le 54 % in CCS 2021). Sa suirbhé ar thomhaltóirí le haghaidh an staidéir tacaíochta, i gcás 21 % de na tomhaltóirí agus iad ag féachaint ar thorthaí cuardaigh ('go minic' nó 'an chuid is mó den am') ní raibh sé éasca teacht ar fhaisnéis maidir leis na paraiméadair a úsáideadh chun na torthaí cuardaigh sin a rangú, agus thuairiscigh 27 % eile de na tomhaltóirí go raibh sé dúshlánach acu 'uaireanta' rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin. A mhéid a bhaineann le fógraíocht nó socrúchán íoctha i dtorthaí cuardaigh, rinneadh amach in CCS 2023 go bhfeictear do 75 % de thomhaltóirí go gcuirtear fógraí ceilte i dtorthaí cuardaigh 'uaireanta' ar a laghad (i gcomparáid le 78 % in CCS 2021).

**Rinneadh tástáil chomhlíontachta** i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta chun measúnú a dhéanamh ar an **bhfaisnéis do thomhaltóirí** maidir le paraiméadair rangaithe torthaí cuardaigh agus **trédhearcacht fógrán/socrúchán íoctha** ar 85 cinn de shuíomhanna gréasáin agus aipeanna in 10 mBallstát.

Léiríonn na torthaí nár cuireadh tomhaltóirí ar an eolas faoi na **paraiméadair a imríonn tionchar ar rangú réamhshocraithe na dtorthaí cuardaigh** ach ar 35 % de shuíomhanna gréasáin (30 suíomh gréasáin as 85 cinn). I gcás inar cuireadh faisnéis maidir le rangú na dtorthaí i láthair, bhí sí soiléir go ginearálta ach teoranta do mhíniú ar na prionsabail ghinearálta (i.e. go bhfuil an rangú bunaithe ar chuardaigh táirgí, ar an tóir ar tháirgí nó ar luach saothair a fhaightear ó chomhpháirtithe). Tá na torthaí sin i gcomhréir tríd is tríd le torthaí an staidéir a rinneadh roimhe sin ar na ceanglais maidir le trédhearcacht rangaithe a bheith á gcomhlíonadh ag ardáin ar líne ina gcaidreamh le húsáideoirí gnó, staidéar a ullmhaíodh le haghaidh Thuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir leis an Rialachán maidir le hArdáin le haghaidh Gnó. Rinneadh amach sa staidéar nach raibh faisnéis maidir leis na príomhpharaiméadair rangaithe ach in aon trian de théarmaí agus coinníollacha uile na n- ardán ar líne faoi athbhreithniú, agus fiú sna cásanna sin gur cuireadh na tuairiscí ar fáil i dtéarmaí réasúnta ginearálta[71].

Áiríodh sna torthaí cuardaigh torthaí ar a mbarr arna léiriú mar **shocrúcháin íoctha (fógráin)** in aon chúigiú de na cásanna (19,7 % de na cuardaigh, ar 15 shuíomh gréasáin as 85 cinn díobh). I dtromlach na dtorthaí sin, marcáladh an fógrán nó an socrúchán íoctha leis an lipéad 'urraithe' (37,7 %) nó 'fógrán' (33,3 %). Áirítear ar na modhanna eile aitheantais deilbhín nó nasc le cliceáil, a thugann an t- úsáideoir chuig leathanach difriúil a sholáthraíonn faisnéis, nó téacs a deir gur

[71] Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an gcéad réamh- athbhreithniú ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1150, COM (2023) 525.

urraíodh an toradh agus atá le feiceáil nuair a choimeádtar an luch ar bharr an deilbhín (26,1 % de na cásanna).

A mhéid a bhaineann le forfheidhmiú ar leibhéal an Aontais ar lipéadú fógrán íoctha, tar éis na gníomhaíochta comhordaithe CPC in 2022, gheall TikTok go ndéanfadh sé fógráin íoctha i bhfíseáin a shainaithint le lipéad nua atá le tástáil ó thaobh éifeachtachta de[72].

Mar chonclúid, léiríonn na sonraí a bailíodh tríd an suirbhé ar thomhaltóirí agus tríd an tástáil chomhlíontachta ar roinnt suíomhanna gréasáin, chomh maith le Scórchláir Dhálaí na dTomhaltóirí, gur gá feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le paraiméadair rangaithe na dtorthaí cuardaigh. Thairis sin, ní mór do sholáthraithe feidhmiúlachtaí cuardaigh ar líne lena n- áirítear fógráin nó socrúcháin íoctha i dtorthaí cuardaigh a áirithiú go mbeidh siad le feiceáil go soiléir ag tomhaltóirí agus gur féidir iad a idirdhealú go héasca ó na torthaí eile.

## 11. Léirmheasanna ó thomhaltóirí

Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, áiríodh ceanglas sonrach trédhearcachta in UCPD (Airteagal 7(6)) – trádálaithe a thugann rochtain ar léirmheasanna, ní mór dóibh **tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi cé acu a áirithíonn nó nach n- áirithíonn siad gur ó thomhaltóirí a d'úsáid nó a cheannaigh an táirge iarbhír a tháinig na léirmheasanna foilsithe agus faoin gcaoi a n- áirithíonn siad é sin**. Thairis sin, rinne sé toirmisc shonracha ar chleachtais mhíthreoracha a chur le hIarscríbhinn I (pointí 23b agus 23c). Sna forálacha sin, ba cheart 'léirmheasanna' a léirmhíniú go leathan mar ní lena gcumhdaítear ní hamháin teachtaireachtaí téacs ach 'rátálacha réalta', mar shampla, agus uirlisí comhchosúla freisin trína gcuireann tomhaltóirí a dtuairimí in iúl maidir le feidhmíocht táirge nó trádálaí.

Baineann dúshlán mór i réimse na léirmheasanna leis **na bearta nach mór do thrádálaithe a dhéanamh**, más trádálaithe iad a thugann rochtain ar léirmheasanna ó thomhaltóirí, go háirithe na hidirghabhálaithe ar líne (e.g. margaí ar líne agus ardáin thiomnaithe léirmheastóireachta), chun pointe nua 23b d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh, lena gcuirtear toirmeasc ar a rá gur tomhaltóirí a d'úsáid nó a cheannaigh an táirge iarbhír iad na tomhaltóirí a chuir isteach léirmheas ar tháirge gan bearta réasúnta agus comhréireacha a dhéanamh chun a sheiceáil gur de thionscnamh na dtomhaltóirí sin iad. Faoin bhforáil sin, **ní mór do na trádálaithe a roghnaíonn léirmheasanna a chur i láthair mar léirmheasanna ó thomhaltóirí bearta a dhéanamh** lena méadaítear an dóchúlacht go dtabharfaidh na léirmheasanna sin léiriú ar thaithí fíorúsáideoirí – gan oibleagáid ghinearálta a bheith ann faireachán ná aimsiú fíoras a dhéanamh (féach Airteagal 8 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha) Ar thaobh amháin, tá oibleagáidí íosta i gceist leis an gceanglas sin nach mór do gach trádálaí a thugann rochtain ar léirmheasanna ó thomhaltóirí a chomhlíonadh, mar shampla gan ligean ach d'úsáideoirí a cheannaigh an táirge i gceist léirmheasanna a dhéanamh nó a cheangal ar an úsáideoir cruthúnas a sholáthar gur úsáid sé an táirge i gcásanna eile nach bhfuil na hidirbhearta foluiteacha faoi rialú an trádálaí a thugann rochtain ar na léirmheasanna. Ar an taobh eile, leis an ngné 'chomhréireach agus réasúnach' den cheanglas sin tugtar le tuiscint go bhfuil sé d'oibleagáid ar na trádálaithe sin **bearta breise a dhéanamh chun cosc a chur ar léirmheasanna bréige atá i gcomhréir lena samhail ghnó agus leis na rioscaí sainaitheanta agus iad a bhaint** (mar shampla, i gcás ina ndírítear gníomhaíocht 'bróicéara' léirmheasanna bréige orthu – féach thíos). D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin, mar shampla, uirlisí digiteacha

[72] Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_3823.

agus intleachta saorga a chur in úsáid chun anailís a dhéanamh ar na léirmheasanna agus deireadh a chur leis na cinn bhréige.

A mhéid a bhaineann le hidirghabhálaithe ar líne, is ábhar neamhdhleathach iad léirmheasanna bréige agus tá siad faoi réir cheanglais DSA maidir le hábhar neamhdhleathach a bhaint. Thairis sin, tá idirghabhálaithe ar líne díolmhaithe ó dhliteanas, faoi choinníollacha áirithe, a mhéid a bhaineann le neamhdhleathacht na léirmheasanna sin nó éilimh fhéideartha ar dhamáistí i ndáil leo.

Tuairiscíodh fadhbanna maidir le **barántúlacht** léirmheasanna ó thomhaltóirí, mar shampla sa **scuab- imscrúdú ar léirmheasanna ó thomhaltóirí**[73] a rinne údaráis CPC in 2021 (i.e. sular tháinig an Treoir maidir le Nuachóiriú i bhfeidhm): beagnach dhá thrian de na siopaí ar líne, na margaí, na suíomhanna gréasáin áirithinte, na hinnill chuardaigh agus na suíomhanna seirbhíse comparáide a ndearnadh anailís orthu, spreag siad amhras faoi iontaofacht na léirmheasanna.

De réir CCS 2023, **chonaic 69 % de thomhaltóirí léirmheasanna ó thomhaltóirí** nár dhealraigh a bheith fíor 'uaireanta' ar a laghad (i gcomparáid le 67 % in CCS 2021). A mhéid a bhaineann leis an oibleagáid trédhearcachta ar thrádálaithe a thugann rochtain ar léirmheasanna, sa suirbhé ar thomhaltóirí le haghaidh an staidéir tacaíochta thuairiscigh 56 % de thomhaltóirí gur tharla sé 'uaireanta' ar a laghad nach raibh siad in ann faisnéis a aimsiú maidir leis an gcaoi a mbailítear léirmheasanna agus maidir le cé acu a áirithíonn nó nach n- áirithíonn an chuideachta go dtagann léirmheasanna foilsithe ó fhíorchustaiméirí.

Áiríodh sa staidéar tacaíochta freisin anailís ar **chomhlíontacht na dtrádálaithe** leis an gceanglas nua maidir le faisnéis faoi UCPD. As measc na 85 shuíomh gréasáin ríomhthráchtála agus taistil in 10 mBallstát a ndearnadh scagadh orthu, bhí léirmheasanna ó thomhaltóirí ar 52 shuíomh gréasáin díobh. Níor sholáthair ach leath den 52 shuíomh gréasáin sin faisnéis ar fáil maidir le húsáid agus próiseáil léirmheasanna. Nuair a cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil, cuireadh i láthair i dtéarmaí agus coinníollacha an tsuímh gréasáin í[74].

**Rinne roinnt eagraíochtaí imscrúdú ar léirmheasanna ó thomhaltóirí ar an leibhéal náisiúnta.** In 2023, rinne Gníomhaireacht na Sualainne um Thomhaltóirí scuab- imscrúdú[75] maidir le léirmheasanna ó thomhaltóirí i réimse an árachais, lenar cumhdaíodh 20 cuideachta a d'fhoilsigh léirmheasanna ó thomhaltóirí. Tháinig sí ar an gconclúid, i gcás beagnach gach cuideachta a áiríodh sa scuab- imscrúdú, nár shonraigh siad in éineacht leis na léirmheasanna cé acu a tháinig nó nár tháinig na léirmheasanna ó thomhaltóirí a d'úsáid nó a cheannaigh na táirgí iarbhír. De réir staidéar a rinne Cónaidhm Eagraíochtaí Tomhaltóirí na Gearmáine (*Verbraucherzentrale Bundesverband* – VzBv) in 2023, níor chomhlíon tromlach an 30 soláthraí a ndearnadh anailís orthu na ceanglais maidir le faisnéise i leith léirmheasanna ar líne nó níor chomhlíon siad na ceanglais sin go leormhaith[76]. Tarraingíodh aird sa staidéar deireanach sin freisin ar ábhair imní a bhaineann le cleachtais oibreoirí suíomhanna gréasáin a ionchorpraíonn ina

[73] https://commission.europa.eu/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/sweeps_en#ref-2021--sweep-on-online-consumer-reviews

[74] Ar na suíomhanna gréasáin, d'fhéadfaí an nasc chuig na téarmaí agus na coinníollacha a rochtain trí nasc lonnaithe gar do na léirmheasanna nó trí 'chló beag' ginearálta na suíomhanna gréasáin (i.e., trí scrollú go deireadh an leathanaigh agus cliceáil a dhéanamh ar an roinn T&C).

[75] https://www.konsumentverket.se/contentassets/ce53a8b52bad4bf6b0e9138487ab4302/pm---granskning-av-konsumentrecensioner-pa-forsakringsomradet.pdf

[76] https://www.vzbv.de/pressemitteilungen/online-bewertungen-null-sterne-beim-marktcheck

leathanaigh, uaireanta, léirmheasanna ó thairseacha measúnaithe sheachtraigh gan faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí maidir le fíorú thionscnamh na léirmheasanna seachtracha sin.

**A mhéid a bhaineann le forfheidhmiú, ar leibhéal an Aontais** ccuir na húdaráis náisiúnta gníomhaíocht chomhordaithe CPC i gcrích in 2023 maidir le roinnt seirbhísí Google (Google Store, Google Play Store, Google ads and search, Google flights agus Google Hotels), inar cumhdaíodh, i measc saincheisteanna eile, cleachtais a bhaineann le léirmheasanna ó thomhaltóirí ar Google Hotels. D'aontaigh Google athruithe a dhéanamh lena shoiléiriú nach bhfíoraíonn siad léirmheasanna ar Google Hotels[77].

**Ghníomhaigh roinnt údaráis forfheidhmithe tomhaltóirí** i leith léirmheasanna ó thomhaltóirí le blianta beaga anuas. In 2022, mar shampla, ghearr Údarás na hÍsiltíre um Thomhaltóirí agus Margaí (ACM) fíneáil ar shiopa ar líne[78] as tomhaltóirí a chur ar míthreoir agus earraí éagsúla tomhaltais á ndíol. Rinne an siopa ar líne léirmheasanna dearfacha bréige a phostáil agus na léirmheasanna diúltacha a chur i bhfolach. In 2021, ghníomhaigh ACM i gcoinne tionchairí a d'úsáid toghanna bréige agus leanúnaithe bréige[79]. In 2023, ghníomhaigh Oifig na Polainne um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (UOKiK) in aghaidh cuideachtaí a bhí ag gabháil do léirmheasanna bréige tomhaltóirí a dhíol[80]. Rialaigh cúirt de chuid na Gearmáine i mbreithiúnas in 2022 gur 'faisnéis ábhartha' de réir bhrí Airteagal 7(1) UCPD[81] é an líon iomlán léirmheasanna a áiríodh i meánscór agus an tréimhse ama inar cuireadh na léirmheasanna isteach.

Eascraíonn roinnt mhaith fadhbanna a bhaineann le calaois léirmheastóireachta as gníomhaíochtaí **'bróicéirí' léirmheasanna bréige** – gnólachtaí aindleathacha speisialaithe a eagraíonn postáil léirmheasanna bréige (ar líonraí sóisialta go háirithe) ag úsáideoirí (a d'fhéadfadh a bheith ina n- úsáideoirí nó ina gceannaitheoirí iarbhír ar na táirgí i gceist) chun tairbhe do ghnólachtaí a fhostaíonn na bróicéirí sin chun a ngnó a chur chun cinn ar mhargaí ar líne nó ar uirlisí léirmheastóireachta speisialaithe. Thairis sin, tuairiscítear go bhfuil bróicéirí léirmheasanna ann a thairgeann do ghnólachtaí an soláthar léirmheasanna bréige dearfacha a eagrú ar shuíomhanna léirmheastóireachta agus frithbheart a dhéanamh ansin ina n- aghaidh siúd a dhiúltaíonn dóibh trí phostáil léirmheasanna bréige diúltacha a eagrú. Tuairiscíonn cuid de na gnólachtaí lena mbaineann san Aontas go ndéanann siad gearáin choiriúla agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe príobháideacha in aghaidh na mbróicéirí léirmheasanna bréige. Dúshlán eile sa réimse sin is ea léirmheasanna arna nginiúint le hintleacht shaorga, rud a d'fhéadfadh a bheith níos deacra a bhrath.

Chomh maith le gníomhaíochtaí forfheidhmithe, **d'eisigh roinnt Ballstát treoirlínte** a rannchuidíonn le múscailt feasachta faoi na rialacha is infheidhme sa réimse sin[82].

---

[77] https://commission.europa.eu/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/coordinated-actions/social-media-and-search-engines_ga#google

[78] https://www.acm.nl/en/publications/acm-fines-online-store-trendx-having-misled-consumers

[79] https://www.acm.nl/en/publications/influencers-stop-using-fake-likes-and-fake-followers-following-warning-issued-acm

[80] https://archiwum.uokik.gov.pl/aktualnosci.php?news_id=20066

[81] Bhain an cás le cosantóir a d'oibrigh suíomh gréasáin ar a raibh seirbhísí gníomhairí réadmhaoine á gcur ar fáil. D'fhógair sé go ndearna a chustaiméirí, ar an meán, a ghníomhairí réadmhaoine a rátáil ag 4,7 as 5 réalta fhéideartha gan aon fhaisnéis bhreise a sholáthar. Le fáil ag: Hamburg - 315 O 160/21 | LG Hamburg 15. Zivilkammer | Urteil | Wettbewerbsverstoß im Internet: Irreführung bei Werbung mit Kundenbewertungen in einem ... (landesrecht-hamburg.de).

[82] Mar shampla, an Bheilg (https://economie.fgov.be/sites/default/files/Files/Entreprises/guidelines-avis-en-ligne.pdf).

Cuireann an Coimisiún **bearta deonacha ag oibreoirí margaidh** chun cinn freisin. I mí na Samhna 2023, rinne 11 ardán ar líne a oibríonn san Aontas (Allegro, AliExpress, Amazon, bol.com, CDiscount, eBay, eMAG, Etsy, Joom, Rakuten France agus Wish) an Gealltanas um Chosaint Tomhaltóirí a shíniú. Tá feidhm ag na gealltanais dheonacha ó mhí Iúil 2024 ar aghaidh agus áirítear orthu bearta chun go mbeidh léirmheasanna ó thomhaltóirí níos trédhearcaí agus níos iontaofa, mar shampla léirmheasanna dreasaithe a chur i láthair úsáideoirí go soiléir[83]. Tuairisceoidh na sínitheoirí gach 6 mhí maidir le cur i bhfeidhm na ngealltanas. I gcás cóiríocht turasóireachta go sonrach, tá Cód Iompair maidir le Rátálacha agus Léirmheasanna ar Líne á ullmhú ag an gCoimisiún freisin. Tá coinne leis go gcuirfidh sé leis an gcomhsheasmhacht i soláthar seirbhísí cóiríochta ar ardchaighdeán agus go gcuirfidh sé feabhas ar inchomparáideacht agus trédhearcacht do thomhaltóirí ar fud an Aontais[84].

Mar chonclúid, **tá méadú ag teacht ar na dúshláin a bhaineann le léirmheasanna bréige, bídís 'dearfach' nó 'diúltach'.** Trádálaithe a thugann rochtain ar léirmheasanna a roghnaíonn siad a chur i láthair mar léirmheasanna ó thomhaltóirí, go háirithe na trádálaithe sin a bhíonn go mór faoi thionchar ghníomhaíochtaí aindleathacha bróicéirí léirmheasanna bréige, ní mór dóibh níos mó infheistíochta a dhéanamh chun deireadh a chur le léirmheasanna bréige. Ní mór freisin d'ardáin ar líne cloí leis na rialacha faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun srian a chur le hábhar neamhdhleathach. Ní mór do thrádálaithe a thugann rochtain ar léirmheasanna a bheith trédhearcach i leith tomhaltóirí freisin, ionas go bhfaighidh tomhaltóirí tuiscint chothrom réalaíoch ar na dálaí ina mbailítear léirmheasanna agus ar na teorainneacha maidir lena n- iontaofacht. Ba cheart do na húdaráis forfheidhmithe náisiúnta aird ar leith a thabhairt ar an réimse sin agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as córas comhair CPC, go háirithe maidir le gníomhaíocht aindleathach bróicéirí léirmheasanna bréige a bhíonn ag gníomhú de shárú soiléir ar UCPD. Ina leith sin, is tábhachtach an comhar leis an tionscal.

## 12. Trédhearcacht margaí maidir le páirtithe conarthacha

Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, rinneadh forálacha nua maidir le trédhearcacht i ndáil le páirtithe conarthacha i margaí ar líne a chur le UCPD (Airteagal 7(4)(f)) agus le CRD (Airteagal 6a(1)(b)). Ceanglaítear ar sholáthraithe margaí ar líne faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí maidir le stádas an tríú páirtí a chuireann na hearraí, na seirbhísí nó an t- ábhar digiteach ar fáil, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir le cosaint tomhaltóirí agus maidir le cén trádálaí (soláthraí tríú páirtí nó margadh ar líne) atá freagrach as cearta tomhaltóirí a bhaineann leis an gconradh a áirithiú (amhail seachadadh na n- earraí nó an ceart chun tarraingt siar).

Thairis sin, leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha cuirtear d'oibleagáid ar mhargaí ar líne faisnéis a bhailiú maidir le céannacht an trádálaí, a ndícheall a dhéanamh a mheasúnú an bhfuil an fhaisnéis iontaofa agus iomlán, an fhaisnéis sin a thaispeáint do thomhaltóirí agus, i gcás ina

[83] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/consumers/consumer-protection-policy/consumer-protection-pledge_en?prefLang=bg#:~:text=The%20Consumer%20Protection%20Pledge%20sets,and%20Digital%20Consumer%20Rights%20Commitments

[84] Cód Iompair maidir le Rátálacha agus Léirmheasanna ar Líne ar chóiríocht turasóireachta, is moladh é a dhéantar sa *Study on the feasibility of possible initiatives at EU level and establishment of a multistakeholder platform on quality of tourism accommodation* [Staidéar ar indéantacht tionscnamh féideartha ar leibhéal an Aontais agus ardán ilpháirtithe leasmhara a bhunú maidir le cáilíocht na cóiríochta turasóireachta]. Tá achoimre feidhmiúcháin le fáil ag: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/957eef55-24e8-11ed-8fa0-01aa75ed71a1/language-en.

n- iarrtar é, an fhaisnéis sin a sholáthar do na húdaráis, chomh maith le caidreamh conarthach le trádálaithe a sholáthraíonn faisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán a chur ar fionraí (na rialacha 'Bíodh aithne agat ar do chustaiméirí gnó' mar a thugtar orthu).

Leis an tástáil chomhlíontachta agus leis an suirbhé ar thomhaltóirí i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta, chomh maith le CCS 2023, fiosraíodh comhlíontacht trádálaithe leis an gceanglas trédhearcachta sin agus braistintí tomhaltóirí maidir le trédhearcacht sna margaí.

A mhéid a bhaineann le **braistintí tomhaltóirí**, in CCS 2023, chuir 7 % de na tomhaltóirí a ndearnadh suirbhé orthu in iúl go raibh fadhbanna acu tar éis dóibh táirge a cheannach ar mhargadh ar líne agus a fháil amach gur ceannaíodh ó dhuine príobháideach é seachas ó dhíoltóir gairmiúil. Sa suirbhé ar thomhaltóirí a rinneadh le haghaidh an staidéir tacaíochta, chuir 47 % de thomhaltóirí in iúl nach raibh sé soiléir, uaireanta ar a laghad, agus iad ag déanamh siopadóireacht ar líne cé hé an díoltóir agus cé a bheadh freagrach as a dtáirgí a sheachadadh, agus chuir 35 % in iúl nár tháinig siad ar an débhríocht sin ach go hannamh nó nár tháinig siad riamh uirthi.

Leis an **tástáil comhlíontachta** a rinneadh ar 50 margadh ar líne ar fud 10 mBallstát sa staidéar tacaíochta, fiosraíodh freisin saincheisteanna trédhearcachta do thomhaltóirí maidir le páirtithe conarthacha (rinneadh measúnú ar 212 tháirge san iomlán). In 65,6 % de na cásanna, bhí faisnéis ar fáil ar leathanach na dtorthaí cuardaigh maidir le cé acu an margadh féin nó páirtí eile é an díoltóir. Ar leathanach na dtáirgí, an sciar de na táirgí ar a raibh tásc maidir le cé hé an trádálaí, mhéadaigh sé go 85 % de na táirgí ar 46 shuíomh gréasáin, rud a léiríonn leibhéal trédhearcachta réasúnta ard. Thairis sin, sna cásanna tástála sin, bhí faisnéis maidir le stádas an díoltóra – díoltóir gairmiúil nó duine aonair – soiléir agus éasca a aithint do thaighdeoirí in 65 % de na cásanna.

Mar chonclúid, léiríonn an taighde ar mhargaí ar líne go bhfuil an ceanglas nua maidir le faisnéis i ndáil le stádas na soláthraithe tríú páirtí curtha chun feidhme cuid mhór acu. An sciar de thomhaltóirí a thuairiscigh go raibh fadhbanna acu toisc nár léir dóibh stádas neamhghairmiúil an díoltóra, tá sé réasúnta beag. An tráth céanna, cuireann roinnt mhaith siopadóirí ar líne in iúl nach raibh siad cinnte maidir le céannacht an díoltóra ná na socruithe le haghaidh a n- idirbhirt.

## 13. Praghsáil phearsantaithe

Is féidir le trádálaithe praghas a dtairiscintí a phearsantú do thomhaltóirí sonracha nó do ghrúpaí tomhaltóirí bunaithe ar chinnteoireacht uathoibrithe agus ar phróifíliú tomhaltóirí. Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, cuireadh le CRD ceanglas nua maidir le faisnéis lena gceanglaítear ar thrádálaithe tomhaltóirí a cheannaíonn ar líne a chur ar an eolas go ndearnadh an praghas a phearsantú dóibh ar bhonn cinnteoireacht uathoibrithe (Airteagal 6(1)(ea)). Tá an ceanglas sin maidir le trédhearcacht ag an díolphointe ina chomhlánú ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[85] lena leagtar amach na rialacha maidir le bailiú agus próiseáil fholuiteach sonraí pearsanta.

[85] Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**Tá fianaise maidir le cleachtas na praghsála pearsantaithe fós ag teacht chun cinn**. I staidéir 2018 agus 2022 ón gCoimisiún[86], níor thángthas ar fhianaise chomhsheasmhach chórasach maidir le phraghsáil phearsantaithe nó tairiscintí pearsantaithe. Thángthas ar an gconclúid i Staidéar 2022 ó Pharlaimint na hEorpa maidir le praghsáil phearsantaithe nach bhfuil fianaise eimpíreach dhochloíte ann maidir le scála na praghsála pearsantaithe[87]. I dtaighde a rinne eagraíochtaí tomhaltóirí, thángthas ar fhianaise maidir le pearsantú praghsanna san earnáil geandála ar líne, san earnáil lóistín agus in earnáil na n- aerlínte[88].

Sna suirbhéanna a rinneadh le déanaí ar thomhaltóirí, tugtar faisnéis bhreise maidir le **braistintí tomhaltóirí** i ndáil le praghsáil phearsantaithe. Sa suirbhé ar thomhaltóirí a rinneadh le haghaidh an staidéir tacaíochta, cuireadh ceist ar fhreagróirí faoina dtaithí le 12 mhí anuas ar lascaine nó praghas a fháil a cuireadh ina láthair mar lascaine nó praghas a bhí 'pearsantaithe' dóibh, trí shuíomh gréasáin nó trí ríomhphost. Bhraith thart ar leath (55 %) de na freagróirí go ndearnadh an cineál sin pearsanaithe dóibh 'uaireanta' ar a laghad. Mar chuid de CCS 2023, cuireadh ceist ar thomhaltóirí faoina dtaithí ar nithe a cheannach ar líne le 12 mhí anuas, go sonrach i dtéarmaí a mhinice a thug siad faoi deara go raibh praghsanna éagsúla ar earraí nó ar sheirbhísí i gcomparáid lena bpiaraí. Léirigh na torthaí gur cheap 39 % de na tomhaltóirí a ndearnadh suirbhé orthu gur tháinig siad ar chás den sórt sin 'uaireanta' ar a laghad (i gcomparáid le 38 % in CCS 2021).

A mhéid a bhaineann le **comhlíontacht trádálaithe leis an oibleagáid nua faisnéise faoi CRD**, rinneadh anailís ar 207 dtáirge san iomlán ar 85 shuíomh gréasáin/aip sa tástáil chomhlíontachta le haghaidh an staidéir tacaíochta. Ní fhaca na taighdeoirí léiriú sainráite i gcás ar bith gur pearsantaíodh an praghas ar bhonn uathphróiseála. Thairis sin, rinne na taighdeoirí iarracht na difríochtaí praghais a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint trí rochtain a fháil ar an suíomh lena ngnáthbhrabhsálaí agus le brabhsálaí 'glan' a raibh na rianairí bainte de[89]. Ar an mbealach sin, shainaithin siad difríochtaí praghais ar 10 gcinn de shuíomhanna gréasáin/aipeanna as 85 cinn, nó ar 6 % de na 207 dtáirge san iomlán. Rud atá suimiúil, i bhformhór na gcásanna inar shainaithin taighdeoirí difríocht phraghais, aimsíodh praghas níos ísle trí chuardach a dhéanamh ar bhrabhsálaí a ionchorpraíonn faisnéis phearsanta ná an praghas a aimsíodh trí úsáid a bhaint as brabhsálaí 'glan' a raibh na rianairí bainte de.

A mhéid a bhaineann le **forfheidhmiú ar leibhéal an Aontais**, chinn na húdaráis náisiúnta laistigh de ghréasán CPC, i ngníomhaíocht chomhordaithe 2022 faoi stiúir údarás na hÍsiltíre maidir leis an margadh ar líne Wish.com, nach raibh sé soiléir ar chuir an trádálaí pearsantú praghsanna i

---

[86] Staidéar 2018 maidir le pearsantú, staidéar 2022 maidir le patrúin dhorcha, le fáil ag: https://commission.europa.eu/publications/consumer-market-study-online-market-segmentation-through-personalised-pricingoffers-european-union_en agus https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/consumers/consumer-protection-policy/evidence-based-consumer-policy/behavioural-research_en.

[87] Féach lch. 12 den staidéar, le fáil ag: https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2022/734008/IPOL_STU(2022)734008_EN.pdf.

[88] *Each Consumer a Separate Market? – BEUC position paper on personalised pricing* [Margadh ar Leithligh do gach Tomhaltóir? – páipéar seasaimh Bhiúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí maidir le praghsáil phearsantaithe] (2023), le fáil ag: https://www.beuc.eu/position-papers/each-consumer-separate-market-beuc-position-paper-personalised-pricing.

[89] Rinne na taighdeoirí an chéad chuardach agus a ngnáthbhrabhsálaí á úsáid acu, agus iad sínithe isteach sna cuntais agus sna suíomhanna gréasáin a úsáideann siad go tráthrialta. Maidir leis an dara cuardach, ar chuardach 'glan' é, d'úsáid na taighdeoirí VPN chun iad a lonnú sa tír chéanna, á áirithiú go raibh siad logáilte amach as gach cuntas, agus rinne siad na cuardaigh ar bhrabhsálaí nach n- úsáideann siad riamh agus nár glanadh fianáin de roimh gach cuardach.

bhfeidhm ná conas a chuir sé i bhfeidhm é. Rinne Wish an cinneadh deireadh a chur lena dteicnící praghsála pearsantaithe san Aontas[90]. In 2024, tar éis idirphlé a dhéanamh leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis náisiúnta um thomhaltóirí i ngréasán CPC, gheall Tinder go gcuirfeadh sé tomhaltóirí ar an eolas go bpearsantaítear ar mhodh uathoibrithe na lascainí a mholann siad le haghaidh ardseirbhísí[91]. Cé is moite de na gníomhaíochtaí comhordaithe sin, go dtí seo, níor shonraigh na Ballstáit go ndearnadh tuilleadh gníomhaíochtaí forfheidhmithe i ndáil le ceanglais CRD maidir le faisnéis faoi phraghsáil phearsantaithe.

Mar chonclúid, is cosúil nach sainaithníonn díoltóirí san Aontas a dtairiscintí praghsanna mar thairiscintí atá bunaithe ar uathphróiseáil phróifíl an chustaiméara spriocdhírithe. Is léir nach gcuirtear as an áireamh leis sin go bhféadfadh an pearsantú praghsanna sin a bheith á dhéanamh; feictear do thomhaltóirí freisin go bhfuil difríochtaí praghsanna ann a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar uathphróiseáil agus, dá bhrí sin, a bheith faoi réir cheanglas nua CRD maidir le faisnéis. Tugtar le fios leis an tástáil ar mhionscála a rinneadh le haghaidh na tuarascála seo go bhféadfadh pearsantú praghsanna a bheith ag tarlú i gcás roinnt trádálaithe, ach ní féidir teacht ar chonclúidí ginearálta de dhroim na dtorthaí sin, lena n- áirítear maidir le buntáiste nó míbhuntáiste an chleachtais do na tomhaltóirí lena mbaineann.

## 14. Ticéid imeachtaí a fuarthas ar mhodhanna uathoibrithe a athdhíol

Is féidir botaí mangaire ticéad a úsáid chun táirgí a bhfuil ardéileamh orthu a cheannach go huathoibríoch d'fhonn iad a athdhíol ar phraghas níos airde. Leis an Treoir maidir leis an Nuachóiriú, rinneadh pointe nua 23a d'Iarscríbhinn I a chur le UCPD[92] lena gcuirtear toirmeasc ar thrádálaithe ticéid a athdhíol le tomhaltóirí, ar ticéid le haghaidh imeachtaí cultúrtha agus spóirt iad a fuair siad trí bhogearraí speisialaithe ('botaí') a úsáid chun dul timpeall ar na teorainneacha teicniúla arna bhforchur ag príomhdhíoltóirí ticéad. Tá forálacha eile de chuid na Treorach maidir le Nuachóiriú ábhartha freisin do mhargaí tánaisteacha ticéadaithe, e.g. an ceanglas nua (in UCPD agus CRD) ar mhargaí ar líne tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le cé acu trádálaí nó tomhaltóir é an duine a dhíolann ticéid.

Déanann eagraithe imeachtaí gearán faoi chleachtais athdhíoltóirí agus ardán athdhíola a bhoilscíonn praghsanna ticéad, ach is é is ábhar imní d'ardáin athdhíola príomhdhíoltóirí a bheith ag leathnú isteach sa mhargadh tánaisteach athdhíola agus ag cur bac ar athdhíol ticéad trí ardáin thánaisteacha iomaíocha. Is infheidhme toirmeasc nua UCPD i gcás ina mbeidh bearta teicniúla curtha chun feidhme ag príomhdhíoltóirí ticéad chun teorainn a chur le héadáil a dticéad ar an mórchóir chun críoch athdhíola. Ní féidir é a fhorfheidhmiú ach amháin má bhraitheann agus má thuairiscíonn na príomhdhíoltóirí sin éadáil aindleathach ticéad. Níor sainaithníodh leis an staidéar tacaíochta samplaí de chásdlí ná de ghníomhaíochtaí forfheidhmithe a rinne údaráis náisiúnta nó

[90] https://commission.europa.eu/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/coordinated-actions/market-places-and-digital-services_ga#aliexpress-agus-wish

[91] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_24_1344

[92] Tá an toirmeasc sin gan dochar d'aon bheart náisiúnta eile chun leasanna dlisteanacha tomhaltóirí agus coimirciú beartais chultúrtha agus rochtain ar imeachtaí a chosaint, amhail praghas athdhíola na dticéad a rialáil. D'achtaigh roinnt Ballstát, e.g. Éire, rialacha sonracha maidir leis an ábhar sin.

eagraíochtaí príobháideacha go dtí seo in aghaidh athdhíoltóirí ticéad imeachtaí ar baineadh úsáid as botaí mangaire ticéad chun iad a fháil.

A mhéid a bhaineann le cleachtais athdhíola ticéad ar bhonn níos ginearálta, **i ngníomhaíocht chomhordaithe CPC,** tar éis idirphlé leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis náisiúnta um thomhaltóirí, thug Viagogo, atá ina mhargadh tánaisteach ar líne le haghaidh ticéid imeachtaí beo, gealltanas in 2024 go gcuirfeadh sé tomhaltóirí ar an eolas ar bhealach níos fearr faoi na coinníollacha faoina n- athdhíoltar ticéid[93]. Tá roinnt tuarascálacha ann freisin ar chásanna náisiúnta a bhaineann le cleachtais (éagóracha) athdhíola ticéad[94].

De réir **an tsuirbhé ar thomhaltóirí** a rinneadh le haghaidh an staidéir tacaíochta, chuir 33 % de thomhaltóirí in iúl gur tharla sé 'uaireanta' ar a laghad gur theastaigh uathu ticéad a cheannach le haghaidh imeacht ach nach bhfaca siad ach ticéid ó dhíoltóirí tánaisteacha ar fáil agus iad ar phraghas níos airde[95]. Ní raibh taithí ag leath na bhfreagróirí ar chás den sórt sin nó ní raibh siad in ann cuimhneamh air. In CCS 2023, agus freagra á thabhairt ar cheist níos ginearálta a bhaineann le cleachtais athdhíola nach bhfuil teoranta do thicéid imeachtaí, thuairiscigh 21 % de thomhaltóirí gur cheannaigh siad, 'uaireanta' ar a laghad, táirge nua ar phraghas níos airde ó athdhíoltóir toisc go raibh sé díolta amach ar shuíomh gréasáin oifigiúil an bhranda.

Sa **chomhairliúchán spriocdhírithe i gcomhthéacs an staidéir tacaíochta**, chuir roinnt páirtithe leasmhara fadhbanna i ndáil le hathdhíol ticéad i gcoitinne i dtábhacht agus mhol siad bearta rialála breise, amhail oibleagáid a chur ar athdhíoltóirí ticéad faisnéis bhreise a nochtadh (e.g. aghaidhluach bunaidh an ticéid, aon táille nó muirear breise, agus suíomh an tsuíocháin), teorainneacha le praghsanna athdhíola a shocrú (e.g. gan iad a bheith níos airde ná an praghas a chuir an díoltóir bunaidh ar an ticéad nó uasteorainn a fhorchur).

Mar chonclúid, leis an leasú ar UCPD a rinneadh leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, tugtar aghaidh ar ghné shonrach amháin d'athdhíol ticéad nach raibh faoi réir forfheidhmiú coincréiteach go fóill. Chun é a chur i bhfeidhm go praiticiúil, éilítear dlúthchomhar agus spéis na bpríomhdhíoltóirí i srian a chur le héadáil ticéad ar an mórchóir chun iad a athdhíol. Tá forfheidhmiú UCPD, agus, i gcás inarb ábhartha, forfheidhmiú CRD freisin, thar a bheith ábhartha i gcónaí do na saincheisteanna níos leithne a bhaineann le hathdhíol ticéad, amhail dul i ngleic le faisnéis mhíthreorach maidir le cineál na tairisceana athdhíola nó an fhaisnéis sin a bheith á fágáil ar lár.

## 15. Glaonna teileafóin ar bhunráta i seirbhísí iompair do phaisinéirí

Le hAirteagal 21 CRD, cosnaítear tomhaltóirí ar mhuirir bhreise más gá dóibh glaoch ar an trádálaí maidir le conradh arna thabhairt i gcrích. Ní mór gan tomhaltóirí a bheith faoi cheangal ag glaonna

[93] https://commission.europa.eu/live-work-travel-eu/consumer-rights-and-complaints/enforcement-consumer-protection/coordinated-actions/market-places-and-digital-services_ga#viagogo

[94] Gníomhaíocht forfheidhmithe in aghaidh cuideachta athdhíola ticéad sa Fhrainc, mar shampla, a tuairiscíodh ag: https://www.prodiss.org/sites/default/files/atoms/files/presse_release_prodiss_gsc_20220203.pdf.

[95] Ceist 5.1 den suirbhé ar thomhaltóirí:'Ar tháinig tú ar na cásanna seo a leanas le 12 mhí anuas nuair a cheannaigh tú nó nuair a rinne tú iarracht aon chineál táirgí nó seirbhísí a cheannach ar líne, lena n- áirítear ábhar/seirbhísí/síntiúis dhigiteacha?'.

den sórt sin níos mó ná an 'bunráta' a íoc[96]. Leis an Treoir maidir le Nuachóiriú, leathnaíodh raon feidhme Airteagal 21 a bhfuil feidhm aige anois freisin maidir le seirbhísí iompair do phaisinéirí.

Tugann an **tástáil chomhlíontachta** le haghaidh an staidéir tacaíochta roinnt léargas ar chomhlíonadh an cheanglais sin ag trádálaithe a ndearnadh scagadh orthu. Fiosraíodh léi na cineálacha uimhreacha teileafóin a úsáideann na cuideachtaí iompair paisinéirí (aerlínte, cuideachtaí bus agus iarnróid, agus idirghabhálaithe ticéad, 50 suíomh gréasáin san iomlán), i.e. cibé acu gnáthuimhreacha líne talún/fón póca, uimhreacha ardráta nó uimhreacha gearra/saorghlao iad na huimhreacha sin. Ar an iomlán, léiríodh leis an tástáil gur chuir beolínte thromlach na suíomhanna gréasáin a ndearnadh scagadh orthu (69 %) gnáthráta intíre i bhfeidhm (i.e. gnáthráta seasta/fóin póca), gur chuir an ceathrú cuid díobh seirbhís teileafóin ardráta ar fáil (i bhformhór na gcásanna sin, cuireadh an costas in iúl go trédhearcach don tomhaltóir) agus gur chuir thart ar 6 % díobh uimhir theileafóin saor in aisce ar fáil. Thairis sin, sna cásanna tástála sin, bhain na huimhreacha ardráta de ghnáth le seirbhísí seachas seirbhísí iarchonarthacha do thomhaltóirí arna gcur ar fáil ag an gcuideachta iompair (amhail seirbhísí díolacháin).

Mar chonclúid, tugann an fhianaise atá ar fáil go dtí seo le fios go bhfuil an ceanglas nua comhlíonta cuid mhór ag cuideachtaí iompair paisinéirí.

## 16. Conclúidí

Léirítear sa tuarascáil seo torthaí na gcomhairliúchán agus an bhailithe sonraí i ndáil le trasuí na Treorach maidir le Nuachóiriú agus an taithí ar a cur i bhfeidhm agus ar a forfheidhmiú sa tréimhse réasúnta gearr ó tháinig sí i bhfeidhm.

A mhéid a bhaineann le **trasuí**, is ábhar misnigh iad na torthaí. Rinneadh formhór na bhforálacha a thrasuí i ndlíthe náisiúnta ar bhealach réasúnta simplí, focal ar fhocal i roinnt mhaith cásanna. Na fadhbanna a sainaithníodh, baineann siad go príomha le forálacha a raibh a gcomhtháthú sa chreat dlíthiúil náisiúnta níos casta, go háirithe na rialacha maidir le pionóis i leith sáruithe agus leigheasanna tomhaltóirí i gcás cleachtais tráchtála éagóracha.

Leis an tuarascáil seo, díríodh ar na príomhréimsí sonracha a dtugtar aghaidh orthu sa Treoir maidir le Nuachóiriú, leagadh amach an fhianaise atá ar fáil agus thángthas ar chonclúidí maidir leis na réimsí sonracha sin a mhéid is féidir ag an gcéim seo. Ó tharla an tréimhse tuairiscithe a bheith gearr, ní féidir teacht ar chonclúidí cinntitheacha maidir le **héifeachtacht** na n- athruithe a thugtar isteach leis an Treoir maidir le Nuachóiriú. Mar sin féin, tá comharthaí dearfacha ann go bhfuil na hathruithe sin, lenar treisíodh an creat dlíthiúil, ag rannchuidiú le cosaint tomhaltóirí a neartú.

Cé go bhfuil an **taithí ar fhorfheidhmiú** teoranta faoi láthair, tá forbairt ar a laghad á déanamh air sna réimsí is casta a bhfuil tionchar praiticiúil díreach láidir acu ar thomhaltóirí agus ar thrádálaithe, e.g. maidir le promóisin praghsanna agus léirmheasanna ó thomhaltóirí, lena n- áirítear trí ghníomhaíochtaí comhordaithe i ngréasán CPC. Os a choinne sin, de réir na sonraí

[96] Mar a shoiléirigh CBAE i gCás C-568/15, *Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs Frankfurt am Main eV v comtech GmbH*, ciallaíonn an coincheap 'bunráta', maidir le muirir ar ghlaonna ar líne chabhrach theileafóin arna hoibriú ag trádálaí, ar glaonna iad a bhaineann le conradh arna thabhairt i gcrích leis an trádálaí, nach bhféadfaidh siad a bheith níos mó ná an costas glao ar ghnáthlíne thalún gheografach nó ar ghnáthlíne fóin póca.

atá ar fáil, níor cuireadh i bhfeidhm go praiticiúil go fóill na rialacha nua maidir le fíneálacha i leith sáruithe i gcásanna trasteorann atá faoi réir ghníomhaíochtaí comhordaithe CPC nó na rialacha maidir le leigheasanna in UCPD.

Ní mór tuilleadh airde a thabhairt ar chur chun feidhme roinnt rialacha den Treoir maidir le Nuachóiriú. A mhéid a bhaineann le **promóisin praghsanna**, i dteannta na saincheisteanna maidir le trasuí i roinnt Ballstát agus na heisceachta i gcás earraí meatacha a bheith á cur chun feidhme ar bhealaí éagsúla ag na Ballstáit, is cosúil gur fhreagair na margaí don rialachán nua trí aistriú chuig comparáidí praghsanna agus, dá réir sin, cineálacha nua fadhbanna trédhearcachta a chruthú. Is léir go mbíonn fadhbanna le **léirmheasanna bréige** ag dul i méid. Trádálaithe a thugann rochtain ar léirmheasanna arna gcur i láthair acu mar léirmheasanna ó thomhaltóirí, go háirithe iad siúd a bhíonn go mór faoi thionchar ghníomhaíochtaí aindleathacha bróicéirí léirmheasanna bréige, ní mór dóibh níos mó infheistíochta a dhéanamh chun deireadh a chur le léirmheasanna bréige. Ba cheart do na húdaráis forfheidhmithe freisin níos mó tosaíochta a thabhairt do léirmheasanna, lena n- áirítear faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Maidir le **margaíocht 'décháilíochta'**, leis an réiteach reachtach a glacadh atá bunaithe ar mheasúnú cás ar chás, is féidir dul i ngleic leis an bhfadhb sin agus cásanna éagsúla na dtomhaltóirí agus na mBallstát á gcur san áireamh. Is cosúil gur gá díriú ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú na rialacha nua. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcás agus éascóidh sé forfheidhmiú trasteorann i ngréasán CPC i gcás ina dtiocfaidh fadhbanna leasa choitinn chun cinn.

Maidir le **himeachtaí díolacháin** (taispeántais táirgí), cé go bhfuil braistintí tomhaltóirí ina gcúis imní maidir le cothroime na gcleachtas tráchtála i gcomhthéacs na teicníce díolacháin sin nach n- úsáidtear ach go réasúnta annamh, níor léirigh na comhairliúcháin a rinneadh le haghaidh na tuarascála seo go rabhthas ag iarraidh go láidir go mbeadh gníomhaíocht reachtach AE ann. Ina ionad sin, ba cheart na rialacha atá ann cheana faoi UCPD agus a bhfuil feidhm iomlán acu maidir le himeachtaí díolacháin a fhorfheidhmiú.

Ar an iomlán, is léir go bhfuil dúshláin ag baint leis an **bhforbairt atá ag teacht ar mhargaí tomhaltóirí ar líne agus ar theicneolaíochtaí nua** agus gur gá dlúthfhaireachán a dhéanamh orthu. I ndáil leis sin, tá an tuarascáil seo ina comhlánú ar an tSeiceáil Oiriúnachta leanúnach ar dhlí tomhaltóirí an Aontais maidir le cothroime dhigiteach, lena ndéantar measúnú ar bhealach níos leithne ar oiriúnacht na rialacha cosanta tomhaltóirí atá ann cheana sa réimse digiteach. Thairis sin, tá **forfheidhmiú éifeachtach** ríthábhachtach chun acmhainneacht iomlán na n- athruithe a dhéantar leis an Treoir maidir le Nuachóiriú a bhaint amach.